


# Tuarascáil Bhliantúil 2013

Bus Éireann

# I gCroílár do Phobail

## Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 2013

**Ioncam Oibriúcháin**
**€289.93m 2013**
€286.33m 2012

**Ioncam Iomlán**
**€324.30m 2013**
€323.21m 2012

**EBITDA**
**€6.9m 2013**
(€0.22m) 2012

**Líon na dTuras a thug Custaiméirí**
**78.27m 2013**
77.17m 2012

**Líon na bhFostaithe**
**2,486 2013**
2,551 2012

**Párolla agus Costais Ghaolmhara**
**€124.92m 2013**
€131.79m 2012

**Ciliméadair Feithiclí lena n-áirítear Conraitheoirí**
**169.43m 2013**
172.45m 2012

**Barrachas/(Easnamh) don Bhliain**
**€0.4m 2013**
(€6.2m) 2012

**Ranníocaíocht leis an Státchiste i bhfoirm Cánacha**
**€51.96m 2013**
€53.70m 2012

**Scoileanna ar ar Freastalaíodh go Náisiúnta**
**Tuairim is 3,000**

**Leanaí a Iompraíodh go Laethúil ar Sheirbhísí Scoile**
**114,000**

**Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Acu a Iompraíodh**
**9,000+**

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 3 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 28 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 31 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 35 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 36 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 38 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 40 |
| Clár Comhardaithe | 41 |
| Ráiteas Sreabhaidh Airgid | 42 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 43 |



*Ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ar mhórthograí a fuarthas ón Údarás Náisiúnta Iompair.*

# ag soláthar na seirbhíse iompair bus poiblí is fearr



## Ár Misean

- Tá Bus Éireann tiomanta go hiomlán freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí trí sheirbhísí bus den scoth a sholáthar agus foireann thiomanta dhíograiseach á dhéanamh sin.

## Ár Luachanna

- Tá meas againn ar shábháilteacht ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus ar dhaoine eile a úsáideann an bóthar.
- Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus úsáideoirí bóthair eile thar a bheith tábhachtach do Bhus Éireann agus maidir le gach gníomhaíocht iompair agus cinneadh a ghlacaimid, cinntímid go bhfaigheann cúrsaí sábháilteachta tús áite.
- Is fiú seirbhís den scoth a thabhairt dár gcustaiméirí agus féachaimid le taithí ár gcuid custaiméirí a fheabhsú i gcónaí lena chinntiú gur féidir leis a bheith chomh dearfach, éifeachtúil agus chomh cúirtéiseach agus is féidir, áit a bhfaigheann gach duine aire cheart agus a gcaitear go cóir leo.
- Mar chuideachta Éireannach amach is amach, atá ag feidhmiú thar ghréasán leathan bailte, sráidbhailte agus cathracha ar fud na hÉireann, tá meas againn ar an ról sóisialta tábhachtach atá againn i bpobail agus ó bunaíodh muid in 1987, táimid mórtasach as an gcabhair a thugaimid do na mílte daoine dul chun oibre, scoile, siopaí nó díreach chun bualadh lena dteaghlach agus lena gcairde gach uile lá.
- Tá ár bhfostaithe lárnach ionas go mbeimid in ann ár gcumas a bhaint amach agus táimid meáite ar eolas, cumas agus scileanna ár ndaoine a fheabhsú a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a n-acmhainn a bhaint amach agus an tseirbhís is fearr a sheachadadh, ar ár gcustaiméirí ar fad.

## Ár gCuspóirí

- An tseirbhís iompair bus poiblí is fearr a sholáthar dár gcustaiméirí agus don Stát, agus is é ár dtosaíocht thar aon ní eile a chinntiú go mbeidh ár gcustaiméirí agus daoine sábháilte.
- Tacaíocht custaiméirí dár gcuid seirbhísí a thiomáint chun cinn trí leibhéil sástachta custaiméirí a fheabhsú i ngach gníomhaíocht a chuirimid ar fáil.
- Ár seasamh ag barr an mhargaidh a choinneáil agus sin a dhéanamh i margadh atá ag athrú de shíor trí dhíriú go láidir ar nuálaíocht trí theicneolaíocht agus infheistíocht inár bhflít.
- Leanúint de bhonn costais iomaíoch a thógáil, ag cinntiú gur féidir linn dul san iomaíocht d'fhonn deiseanna a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí a choinneáil agus go deimhin cur leis na deiseanna sin.
- A chinntiú go leanaimid ag cur oiliúna agus ag cur ar chumas ár ndaoine na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbairt chun an soláthar is fearr a dhéanamh i gcoinne riachtanais ár gcustaiméirí, an ghnó agus a geallsealbhóirí.

## Ár Seirbhísí

Soláthraíonn Bus Éireann trí phríomhsheirbhís:

- Os cionn 300 bealach atá á maoiniú ag an Stát;
- 25 bhealach Expressway idir-thráchtála; agus
- An Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## Tiomantas maidir le Sábháilteacht

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí agus na foirne thar a bheith tábhachtach do Bhus Éireann. Tá an chuideachta tiomanta a chinntiú go dtabharfar aire dá cuid fostaithe. Déantar é sin trí áit oibre shábháilte a choinneáil agus trí chloí leis an reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989.

# Cuireadh luach, áis, compord agus iontaofacht ar fáil ar bhonn inbhuanaithe

Leanann an fhoireann bhainistíochta ag treisiú cultúr sábháilteachta ar fud na cuideachta. Mar chuid de sin, leanamar ag infheistiú in oiliúint foirne cosúil leis an Deimhniú um Inniúlacht Ghairmiúil do Thiománaithe (CPC), oiliúint i mbainistíocht sábháilteachta agus theicniúil d'fhoireann chothabhála in 2013.

Leanann Bus Éireann dá chuid oibre i réimse na sábháilteachta agus na cáilíochta. In 2013, rinne an Freight Transport Association (FTA) *(An Cumann Iompair Lastais)* iniúchadh mionsonraithe ar ár n-inniúlacht mar oibreoir iompair paisinéirí sábháilte agus inbhuanaithe.

Déanann an chuideachta athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar a córais bainistíochta sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar Ráiteas Sábháilteachta Bhus Éireann go rialta agus cuirtear in iúl do gach ball foirne é. Tá Ráiteas Sábháilteachta cuimsitheach againn lena chinntiú go bhfreastalaímid ar spiorad agus ar shonraí na reachtaíochta go léir a bhaineann le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ina n-áirítear mar shampla, nós imeachta grinnfhiosrúcháin iomlán d'aon tiománaí inár rannóg Iompair Scoile.

## Réamhrá

Tar éis roinnt blianta ina raibh deacrachtaí eacnamaíocha in Éirinn, d'fhéadfadh feidhmíocht 2013 Bhus Éireann a bheith mar phointe athraithe straitéisigh againn. Tá ár mbonn costais leagtha amach ar bhealach níos fearr anois chun freastal ar riachtanais ár ngnó, agus tá toradh dearfach an fhócais leanúnaigh a bhí againn ar nuálaíocht táirgí agus ar bhearta sástachta custaiméirí le feiceáil anois. Is léir anois go bhfuil athruithe móra ar an ngréasán agus feabhsuithe ar an tseirbhís a thugamar isteach chun leas a bhaint as bealaí nua bóthair agus ionaid nua miondíola, fóillíochta agus fostaíochta a hosclaíodh ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta agus atá ag cabhrú chun líon na dturas a thugann daoine agus ioncam a fheabhsú. De bharr infheistíochta inár bhflít agus teicneolaíocht faisnéise do chustaiméirí agus áiseanna a bheith a soláthar ar bord seirbhísí tá ár mbrandaí cothrom le dáta don 21ú haois de réir mar a thugann custaiméirí breithiúnas arís nó de réir mar a fhaigheann siad amach faoi na buntáistí agus an chaoithiúlacht is féidir linn a thairiscint anois in ionad córas iompair eile a ghlacadh. Inár gcuid margaíochta, táimid muiníneach agus teanntásach agus níos dírithe inár dtairiscintí dár gcustaiméirí, ag soláthar dreasachtaí do dhaoine leas a bhaint as na hathruithe a rinneamar ar mhaithe leosan. Le straitéis nua cuirtear tús le ré nua i mBus Éireann, agus cé nach bhfuil



an gnó ach i dtús athraithe, tá ionchais fhadtéarmacha an chustaiméara Éireannaigh níos fabhraí agus níos meallta anois chomh fada is a bhaineann sé le luach, caoithiúlacht, compord agus iontaofacht, rudaí go léir is féidir a chur ar fáil ar bhonn inbhuanaithe.

**Deir os cionn 90% dár gcustaiméirí go molfaidís muid do chara leo**

## Buaicphointí 2013

### Cobhsaíocht Airgeadais Níos Mó Bainte Amach ar fud na nAonad Gnó ar fad

- Méadú €4 mhilliún (4.2%) ar ioncam ar phríomh-ghnó paisinéirí bóthair.
- Laghduithe párolla €7 milliún (5%) i ndiaidh é sin a chomhaontú leis an bhfoireann.
- Laghdú suntasach ar an gcaillteanas a tabhaíodh ar Expressway in 2013 i gcomparáid le 2012.
- Tá ar chumas Expressway brabús a dhéanamh arís in 2014.
- Cobhsú ar sheasamh Chisteán an Ghrúpa.
- Athchóiriú ar ghlansócmhainní go dtí 59% de Scairchaipiteal Glaoite ag deireadh na bliana tar éis meath a bheith tagtha orthu go dtí faoi bhun 50% den Scairchaipiteal Glaoite i lár na bliana 2013.

### Éileamh Níos Mó ó Chustaiméirí

- Méadú 1 mhilliún ar iomlán na dturas a thug custaiméirí

### Taithí Custaiméirí Níos Fearr

- Taispeánadh i suirbhéanna neamhspleácha gur lean Bus Éireann ag baint amach leibhéal ard sástachta i measc custaiméirí agus os cionn 90% dár gcustaiméirí ag rá go molfaidís muid do chara.
- Éilítear ar Bhus Éireann dian-spriocanna feidhmíochta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chonradh Iompair Phoiblí ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Áirítear leis sin rudaí lárnacha a sheachadadh i réimsí cosúil le poncúlacht, seachadadh seirbhíse do chustaiméirí agus iontaofacht na seirbhíse. In 2013 d'éirigh le Bus Éireann gach sprioc a bhaint amach agus sháraigh sé an sprioc feidhmíochta a bhí riachtanach i réimsí cosúil le poncúlacht agus iontaofacht seirbhíse.
- Wi-Fi in aisce ar bord gach bus agus cóiste gan an flít Scoileanna san áireamh.
- Rolladh amach Wi-Fi in aisce ag gach ceann dár stáisiúin busanna.
- Athchóiriú ó bhonn ar an ngréasán Expressway agus ar ghréasáin cathrach i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge chun amanna turais níos tapúla a sholáthar le naisc níos fearr.
- Soláthraíodh coigiltí breise sna costais a bhain le Seirbhísí Iompair Scoile a sholáthar agus ag an am céanna leathnaíodh líon na seirbhísí a tairgeadh.

### Úsáid as Teicneolaíocht Chliste chun Córas Iompair Phoiblí Nua-Aimseartha a Sholáthar

- Tugadh isteach Cárta Leap i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.
- I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chuireamar feabhas ar ghréasáin cathrach lena n-áirítear Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge.
- I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tugadh isteach Faisnéis Paisinéirí i bhFíor-Am ag stadanna ar fud ghréasán Chathair Phort Láirge.
- Rinneadh seoladh iomlán ar an bhFeidhmchlár Taistil Soghluaiste le haghaidh iPhone a ligeann do chustaiméirí a dturas a phleanáil, amanna amach agus isteach a fheiceáil dá stad roghnaithe i bhfíor-am agus féachaint ar fhaisnéis cláir ama agus iad ag taisteal.

# Cuireadh líonraí feabhsaithe cathrach ar fáil i gCorcaigh, Luimneach agus Port Láirge



## Bhí barrachas €0.4 milliún ann in 2013 – Easnamh €6.2 milliún in 2012


### Éachtaí maidir leis an gComhshaol agus Éachtaí Gaolmhara a Baineadh Amach

- Leanamar le raon beart a bhí deartha chun costais bhreosla a laghdú agus dul chun tairbhe an chomhshaoil cosúil le éicea-thiomáint, bainistíocht teileamaitice flít, tionscnaimh frith-réchasta agus córais athchúrsála uisce.

## Athbhreithniú Airgeadais

Bhí dúshláin mhóra os comhair Bus Éireann le linn 2013 ach d'éirigh leo príomhghnéithe dá bplean a chur i bhfeidhm ó thaobh brabúsacht a bhaint amach arís ar bhonn inbhuanaithe. Tá an chuideachta ag tuairisciú barrachais €0.4 milliún in 2013 i gcomparáid le heasnamh €6.2 milliún in 2012. Ba chlochmhíle mhór don chuideachta brabús a dhéanamh arís agus leagadh amach an creat chun na torthaí airgeadais a raibh gá leo a sheachadadh d'fhonn cistí a sholáthar le hinfheistiú amach anseo. Tá an infheistíocht sin riachtanach má tá an chuideachta chun an bonn airgeadais a chobhsú agus cinnteacht a thabhairt maidir le seirbhísí iompair agus inbhuanaitheacht fostaíochta a sholáthar.

B'éigean don chuideachta freisin laghduithe eile ar an bhfóirdheontais PSO le haghaidh 2013 a iompar í féin rud a d'fhág caillteanas de €1.7 milliún ar sheirbhísí PSO don bhliain. Tá an fóirdheontas PSO anois i bhfad níos ísle ná an leibhéal a theastaíonn chun an méid seirbhísí a sholáthraítear faoin gconradh PSO a chur ar fáil. Fágann sé sin an chuideachta le caillteanas carntha de bhreis is €4.3 milliún i seirbhísí PSO in 2012 agus 2013 in ionad aon bhrabús réasúnta a dhéanamh do Bhus Éireann faoi mar a cheadaítear faoin gconradh.




- **Laghdú €15 milliún (30%) idir 2009 agus 2013**
- **Choinnigh Bus Éireann an gréasán PSO**
  - **- athbhreithnithe ar bhealaí**
  - **- giniúint ioncaim**
  - **- éifeachtúlachtaí costais**





# Tháinig méadú €4m ar ioncam lárnach ó phaisinéirí

I measc na bpleananna airgeadais a bhí ag an gcuideachta do 2013 b'éigean gníomhartha a chur i bhfeidhm a bhí crua ach a bhí riachtanach agus a bhí leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar an seasamh airgeadais criticiúil. Bhí sé tugtha le fios ag an gcuideachta mar gheall ar chaillteanais charntha gur dóigh go mbeadh glansócmhainní na cuideachta faoi 50% den scairchaipiteal glaoite le linn 2013. Thit na glansócmhainní go dtí €14 milliún i lár 2013, luach a bhí faoi 50% den scairchaipiteal glaoite rud a d'fhág gurbh éigean don chuideachta Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU) a ghairm. Bhí CGU scairshealbhóirí na cuideachta ar bun i mí Iúil 2013. Thángthas ar chomhaontú ar phlean mionsonraithe dúshlánach ionas go mbeadh an chuideachta in ann filleadh ar bhrabúsacht faoi dheireadh na bliana agus glansócmhainní a chur ar ais go dtí 57% den scairchaipiteal glaoite. D'éirigh leis an gcuideachta na spriocanna sin a chomhlíonadh agus a shárú agus cuireadh na glansócmhainní ar ais go €17.2 milliún nó 59% den Scairchaipiteal Glaoite faoi dheireadh na bliana.

I measc na mbeart a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar an seasamh airgeadais criticiúil in 2013 bhí siad seo a leanas:

- Giniúint ioncaim ar an ngréasán PSO agus Expressway araon trí mheascán de bheartas táillí agus fás ar líon na gcustaiméirí;
- Athbhreithniú leanúnach ar an ngréasán Expressway chun an caillteanas a laghdú agus deis a thabhairt do Expressway brabús a dhéanamh arís faoi 2014;
- Tugadh isteach athruithe riachtanacha ar théarmaí agus coinníollacha chun costais phárolla a laghdú agus an bonn costais a thabhairt ar ais ar leibhéal níos inbhuanaithe; agus
- Coigiltis leanúnacha i gcostais nár bhain le párolla trí raon beart éifeachtúlachta costais;

Bhí fás ar ioncam mar phríomh-ábhar seachadta don chuideachta le linn 2013 agus d'fhéach an chuideachta le hioncam a mhéadú ar tháirgí reatha trí líon na dtáirgí a mhéadú agus táillí a ardú. Díríodh freisin sa phlean "Path to Profitability" (Ag Filleadh ar Bhrabúsacht) le haghaidh Expressway, a cuireadh ar bun in 2012 ar fheabhsuithe radacacha i mbrabúsacht trí shamhail gréasáin athbhreithnithe ag ionchorprú raon leathan beart laghdaithe costais agus pleananna dúshlánacha chun ioncam a ghiniúint. D'éirigh leis an gcuideachta méadú €4 mhilliún (4.2%) a chur ar phríomhioncam paisinéirí le haghaidh 2013 in ainneoin go raibh tionchar diúltach ag aighneas tionsclaíoch a bhí ar bun ar feadh dhá lá i mí na Bealtaine.




- **Tháinig meath ar ioncam le linn an chúlaithe eacnamaíoch**
- **Méadú €4m in 2013 i gcomparáid le 2012**


# Athshlánaíodh na glansócmhainní go 59% den Scairchaipiteal Glaoite

Ba í an ghné ba shuntasaí de na bearta coigilte costais a seachadadh in 2013 ná an comhaontú ar thángthas air le hionadaithe foirne maidir le hathruithe riachtanacha ar phárolla d'fhonn aghaidh a thabhairt ar sheasamh airgeadais na cuideachta. I ndiaidh tréimhse cainteanna mionsonraithe agus fadálacha le hionadaithe foirne agus leis na geallsealbhóirí go léir, chuir an chuideachta moladh na Cúirte Oibreachais ó Bhealtaine 2013 i bhfeidhm. Mar gheall air sin cuireadh deireadh le formhór na seirbhísí PSO agus Expressway a bhí againn rud a chuir isteach go mór ar ár gcustaiméirí. Is oth leis an gcuideachta gur tharla sé sin agus rinne sí a dícheall an tionchar ar chustaiméirí a laghdú cibé uair ab fhéidir léi. Mhair an t-aighneas ar feadh dhá lá sular thángthas ar chomhaontú sa deireadh thiar na coigiltí párolla riachtanacha a chur ar fáil don chuideachta. Tugadh isteach an comhaontú sin ó Mheitheamh 2013 agus leis na hathruithe sin, nuair a tugadh isteach iad, mar aon le laghduithe leanúnacha ar líon na foirne, tháinig laghdú ar chostais phárolla ó €131.8 milliún in 2012 go dtí €124.9 milliún in 2013. Lean líon na foirne ag laghdú ar fud na ngrád ar fad ar feadh 2013 agus bhí líon na foirne ag 2,486 ar an meán i gcomparáid le 2,551 in 2012. Cuireadh coigiltí costais ar fáil agus coinníodh ag an am céanna creatlach an ghréasáin iompair náisiúnta chomhtháite.

Tá costais bhreosla sách luaineach i gcónaí ar mhargaí an domhain agus iad mar ghné an-suntasach de chaiteachas oibríochta na cuideachta. Ba ionann na costais bhreosla agus €36.0 milliún in 2013 (2012: €35.9 milliún). Tháinig méadú ar an bpraghas in aghaidh an lítir ar an meán in 2013 i gcomparáid le leibhéil 2012 ach chuidigh an scéim lacáiste díosail a tugadh isteach i mí Iúil 2013 agus ar cuireadh fáilte mhór roimpi chun an méadú sin ar chostais a fhritháireamh.

Lean Bus Éireann ag infheistiú i saoráidí, i gcórais TF agus i ngléasra agus innealra d'fhonn a bheith fós iomaíoch agus leibhéil cháilíochta a choinneáil i rith na bliana, mar sin féin, ní raibh sé ar chumas na cuideachta infheistíocht a fháil, maoinithe acu féin nó le maoiniú ón ÚNI chun flít nua a sholáthar. Is príomh-thosaíocht é sin le haghaidh 2014. Ba ionann an caiteachas caipitiúil agus €3.4 milliún in 2013 agus is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair a sholáthair €2.2 milliún i bhfoirm maoiniú deontais chaipitil.

## Costais Bhreosla agus Lítir a Úsáideadh




- **Méaduithe móra ar phraghas breosla ó 2010**

## Treochtaí an Mhargaidh

In 2013, bhí comharthaí sóirt ann go raibh téarnamh ag tarlú i ngeilleagar na hÉireann tar éis cúig bliana den chúlú eacnamaíoch, rud a d'fhág leibhéil fostaíochta mhéadaithe, margadh miondíola níos láidre agus turasóireacht níos mó a cuireadh ar bun ar dtús báire le tionscnaimh an Tóstail nó *The Gathering*. Le fás beag ach seasta i rith na bliana mar aon leis na trí rud sin, mhéadaigh na turais a thug paisinéirí bóthair ar sheirbhísí Bus Éireann ó 36.8 milliún in 2012 go dtí 37.1 milliún in 2013. Ar sheirbhísí cathrach, tháinig méadú 1.1 milliún ar líon na gcustaiméirí ach tháinig laghdú 0.7 milliún ar líon na gcustaiméirí a d'úsáid seirbhísí Expressway agus seirbhísí tuaithe in 2013.

## Turais Custaiméirí ar an Iomlán (milliúin)




- **Tháinig meath ar líon na gcustaiméirí le linn an chúlaithe eacnamaíoch**
- **Méadú a baineadh amach in 2013**

## Turais Custaiméirí agus Ciliméadair Feithiclí

| | 2013 Mílte | 2012 Mílte |
|---|---|---|
| **Turais a thug custaiméirí** | | |
| Seirbhísí cathrach / tuaithe | 17,848 | 16,728 |
| Seirbhísí sceidealaithe eile | 19,303 | 20,046 |
| Scéim iompair scoile | 41,116 | 40,398 |
| | **78,267** | **77,172** |
| **Ciliméadair feithiclí** | | |
| Seirbhísí cathrach / tuaithe | 7,432 | 7,805 |
| Seirbhísí eile – féin | 78,464 | 82,633 |
| Seirbhísí eile – ar fochonradh | 83,536 | 82,014 |
| | **169,432** | **172,452** |

## Ag nascadh pobal

Tá athrú mór ar Bhus Éireann ó thosaigh sé i mbun oibre in 1987 ach níl aon athrú ar an ról atá aige, ag cur seirbhísí bus riachtanacha ar fáil, a théann chun tairbhe pobal áitiúil, a éascaíonn agus a thacaíonn le forbairt gheilleagrach agus a fheabhsaíonn cáilíocht saoil na ndaoine go léir a chónaíonn i gceantair tuaithe nó cathrach.

Mar fhostóir 2,486 duine ag 17 n-áit ar fud na tíre agus mar cheannaitheoir earraí agus seirbhísí ó thart ar 1,118 soláthraí, rannchuidíonn an chuideachta go mór freisin le pobail áitiúla.

Mar sholáthraí foirm iompair nach bhfuil díobhálach don chomhshaol, cabhraíonn an chuideachta le pobail trí astaíochtaí laghdaithe agus cáilíocht aeir níos fearr.




Le 26 bliana anuas, dhírigh Bus Éireann go leanúnach ar fheabhsú agus ar chustaiméirí a chur i gcroílár ár ngnó. In 2013, lean an chuideachta i mbun nuálaíochta agus ag feabhsú an tseachadta a dhéantar ar ár seirbhísí trí raon leathan beart a thabhairt isteach inár dtáirgí go léir lena chinntiú go soláthraímid an tseirbhís is fearr do na custaiméirí agus na pobail ar a bhfreastalaímid. Tá cuntas orthu sin sna codanna seo a leanas:

## Seirbhísí Tráchtála

### Expressway

Fly Expressway
www.buseireann.ie

#### Feabhsuithe ar an tSeirbhís

Leanadh ag athfhorbairt an Ghréasáin Expressway in 2013, cuireadh tuilleadh béime ar fhreastal ar éileamh custaiméirí maidir le hamanna turais laghdaithe agus naisc mhéadaithe chuig aerfoirt mhóra.

Rinneadh feabhsuithe breise ar amchláir ar fud roinnt bealaí lena chinntiú go mbeadh luas-sheirbhísí stad teoranta ann, agus inar úsáideadh an gréasán mótarbhealaigh feabhsaithe freisin chun fad na dturas a laghdú do chustaiméirí. Chuir an pobal a bhí ag taisteal fáilte mhór roimh na hathruithe a rinneadh in 2013.

Leanann Bus Éireann agus an t-oibreoir príobháideach Gobus ag feabhsú na seirbhíse GoBé gan stad ó Chathair Chorcaí go dtí Cathair Bhaile Átha Cliath/Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an tseirbhís in ann dul ó Chathair go Cathair i 3 uair an chloig agus tá Wi-Fi agus leithris ar bord gach cóiste.

#### Fócas ar an Nuálaíocht

Tá Wi-Fi in aisce ar fáil anois ar gach seirbhís Expressway agus is rud é a thaitníonn go mór le custaiméirí.

Tá sé níos éasca anois freisin ag custaiméirí a dturas a phleanáil agus a dticéad a chur in áirithe ar líne trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an gcóras ríomh-thicéadaithe agus freisin an Feidhmchlár Taistil Soghluaiste le haghaidh iPhone. Cuireann sé sin ar chumas custaiméirí féachaint ar cén uair go díreach a thiocfaidh a gcéad seirbhís eile isteach ag aon cheann dár stadanna ar fud na tíre.




Lean an chuideachta ag úsáid na meán sóisialta freisin chun ár seirbhísí Expressway a chur chun cinn agus faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 32,000 lucht leanúna ag ár suíomh Facebook, méadú 13,500 lucht leanúna nua le linn 2013.

## Eurolines

Bhí an-tóir i gcónaí in 2013 ar ár seirbhísí Eurolines chuig an RA agus an Eoraip, agus líon na gcustaiméirí suas 6%.

Chun freastal ar an éileamh breise sin, tugadh isteach seirbhís nua don samhradh ó Bhaile Átha Cliath go Londain agus an tseirbhís sin ar fáil ceithre lá sa tseachtain ó mhí Iúil go Meán Fómhair.

## Páirceáil agus Taisteal

Feidhmíonn Bus Éireann an tseirbhís Páirceáil agus Taisteal Black Ash i gCorcaigh agus déanann sé é sin thar ceann Comhairle Cathrach Chorcaí. Tá an-tóir ag ár gcustaiméirí ar an tseirbhís sin i gcónaí agus tugann sé deis taistil chomhtháite agus áisiúil dóibh.

## Úsáid a Spreagadh

D'fhonn úsáid na seirbhíse Expressway a chur chun cinn, tugadh faoi mhórfheachtas fógraíochta ar an teilifís, raidió, in ábhar clóite agus ar líne. Mar gheall ar an bhfeachtas deir breis daoine a chonaic an feachtas gur dóigh go rachaidís ag taisteal le Bus Éireann amach anseo.

Thug an chuideachta isteach roinnt tionscnamh ina raibh sladmhargadh náisiúnta ar shuíocháin faoin tionscnamh 'Fly Expressway', le linn 2013. Chuidigh na tionscnaimh sin le díolacháin a bhrú chun cinn agus go háirithe, chuaigh siad chun tairbhe seirbhísí seachbhuaice nuair a bhí seirbhísí breise ar fáil.

D'fhonn taisteal ar ár seirbhísí a spreagadh tuilleadh, lean Bus Éireann ag fás ballraíocht Chlub BÉ lenár scéim dílseachta ar líne, agus bhí os cionn 60,000 ball aici faoi dheireadh na bliana agus bhí siad in ann tairiscintí speisialta a fháil ar tháirgí agus ar sheirbhísí brandáilte, chomh maith le taisteal ar lascaine ar na bealaí atá againn ar Bhus Éireann.

**GoBé - Seirbhís gan stad ó chathair Chorcaí go cathair Bhaile Átha Cliath/ Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar ais arís**

# Cuireann Bus Éireann fostaíocht ar fáil do 2,486 duine i 17 n-ionad

Thar thréimhse na Nollag feidhmíodh seirbhísí breise Páirceáil agus Taisteal i gCorcaigh thar ceann Chomhairle Cathrach Chorcaí agus i nGaillimh freisin thar ceann Aonad Iompair na Gaillimhe. Trí sheirbhísí Páirceáil agus Taisteal a sholáthar, tugann Bus Éireann an rogha do chustaiméirí a gcarr a úsáid sa chéad chuid dá dturas, áit nach ritheann seirbhísí chomh minic nó ina bhfuil rochtain laghdaithe acu ar sheirbhísí. Tugann an tseirbhís sin deis do chustaiméirí tranglam tráchta agus costais pháirceála i lár na cathrach ag deireadh a dturais a sheachaint.

## Seirbhísí Stát-Mhaoinithe

Faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair, feidhmíonn Bus Éireann os cionn 300 bealach Stát-mhaoinithe ina soláthraítear seirbhísí riachtanacha a nascann pobail, go háirithe i gceantair tuaithe iargúlta. Ina measc sin tá seirbhísí cathrach i gCorcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge, Sligeach agus seirbhísí comaitéireachta agus tuaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tacaíonn Bus Éireann le bearta trína bhfeabhsaítear tarraingteacht agus éifeachtúlacht an iompair phoiblí in Éirinn ag teacht leis an maoiniú atá ar fáil. Is é ár misean lárnach leanúint ag soláthar na seirbhíse is fearr dár gcustaiméirí.

Tugtar cuntas sa Chonradh Iompair Phoiblí reatha idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann, a mhairfidh ar feadh cúig bliana go dtí 2014, ar chaighdeáin feidhmíocht oibríochta agus ar sheirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a chothú. In 2013, chloígh Bus Éireann le gach sprioc feidhmíochta atá leagtha amach sa chonradh. Fuair Bus Éireann fóirdheontas ón Stát mar íocaíocht dá PSO de €34.3 milliún in 2013, laghdú €15 milliún ó leibhéil 2009.

Ó bhonn éifeachtúlachta, d'éirigh linn laghdú suntasach a dhéanamh ar ár mbonn costais ó 2009 agus leanamar ag soláthar formhór mór dár gcuid seirbhísí.

## Feabhsuithe ar an tSeirbhís

Le linn 2013, thug Bus Éireann, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, feabhsuithe isteach ar roinnt seirbhísí PSO ag teacht le héilimh custaiméirí lena n-áirítear:

### Feabhsuithe

- Minicíochtaí feabhsaithe ar ghréasán cathrach Phort Láirge
- Bealach 360/360A Trá Mhór – Amchlár Phort Láirge
- Bealach 115 An Muileann gCearr – Amchlár Bhaile Átha Cliath
- Bealach 175/175A Muineachán – Muinchille – Amchlár an Chabháin
- Bealach 182/182A Droichead Átha – Baile Átha Fhirdhia – Amchlár Mhuineacháin
- Bealach 190/190A An Inse – Droichead Átha – An Uaimh – Amchlár Bhaile Átha Troim
- Bealach 202 amchlár i gCathair Chorcaí
- Bealach 206 amchlár i gCathair Chorcaí
- Bealach 207 amchlár i gCathair Chorcaí
- Bealach 226/226A Corcaigh – Aerfort Chorcaí – Amchlár Chionn tSáile

## Fócas ar an Nuálaíocht

Ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair, lean Bus Éireann i mbun nuála chun eispéireas custaiméara níos fearr a sholáthar. I measc na dtionscnamh ar tugadh fúthu in 2013 bhí siad seo a leanas:

- Tugadh isteach an Pleanálaí Turais Náisiúnta, ina soláthraítear faisnéis ó dhoras go doras maidir le gach rogha taistil atá ar fáil chuig Poblacht na hÉireann, ar ais as agus laistigh den Phoblacht. D'oibrigh Bus Éireann leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na sonraí sceidealaithe go léir a sholáthar le haghaidh seirbhísí Bus Éireann ar an togra seo.
- Rinneadh forchéimniú ar thaispeáintí d'Fhaisnéis Paisinéirí i bhFíor-Am (RTPI) ag stadanna i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus freisin i gcathracha Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. Faightear an fhaisnéis do na taispeáintí RTPI ón gCóras um Shuíomh Uathoibríoch Feithicle (AVL), atá suiteáilte ar gach bus de chuid Bhus Éireann. Nuashonraítear leis sin na taispeáintí RTPI ar feadh an lae. Tugadh isteach Faisnéis Paisinéirí i bhFíor-Am freisin ag gach stad ar ghréasán Bhus Éireann agus rinneadh é sin tríd an bhFeidhmchlár Fíor-Ama Iompair d'Éirinn.



- Tugadh isteach Cárta Leap i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath le linn 2013 agus tá sé ar fáil anois ar gach Bealach Comaitéireachta agus Áitiúil a ritheann Bus Éireann. Tá táirgí taistil ar fáil le ceannach ar bord nó ag breis is 500 gníomhaire Payzone i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanfar forchéimniú ar Chárta Leap chuig cathracha Chorcaí agus na Gaillimhe i rith 2014.
- Toisc forbairt bhreise ar an gcóras AVL cuireadh ar chumas na cuideachta freisin lárionaid rialaithe a bhunú. Déanann na lárionaid rialaithe sin monatóireacht ar sheirbhísí i bhfíor-am agus aird shonrach ar mar a chloítear leis an amchlár, ar chumarsáid le tiománaithe, ar chinntí oibriúcháin agus ar atreoruithe struchtúrtha, agus tá seachadadh agus iontaofacht seirbhíse níos fearr ann dá mbarr. Rinneadh forchéimniú freisin ar Wi-Fi ar gach bus i bhflít Bhus Éireann seachas na scoileanna.

**Tá Cárta Leap ar fáil ar gach bealach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath**

Transport for Ireland

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

## Úsáid fheabhsaithe as seirbhísí bus

Tugadh faoi roinnt tionscnamh le húsáid an iompair phoiblí a spreagadh agus d'fhonn poiblíocht a thabhairt do na feabhsuithe thuas. Ina measc bhí Pleanálaí Turais agus Feidhmchlár Fíor-Ama an Údaráis Náisiúnta Iompair; rinne poiblíocht ar fheabhsuithe ar an ngréasán agus cuireadh comhfheachtas ar bun le Iarnród Éireann agus le Bus Átha Cliath inar díríodh ar ghnóthaí agus ar fhostaithe chun aird a tharraingt ar bhuntáistí na scéime coigilte cánach (Taxsaver scheme). Chuidigh sé sin chun méadú suntasach a dhéanamh ar dhíolacháin coigilte cánach le linn na bliana. Tugadh faoi fheachtais PR agus faisnéise poiblí freisin maidir leis na gréasáin cathrach fheabhsaithe, agus tairgeadh turais phromóisin chun taisteal a spreagadh ag tréimhsí lárnacha cosúil leis an Nollaig.

## Tranglam tráchta

Tá tranglam tráchta atá ag éirí níos measa an t-am ar fad i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, rud a chiallaíonn go nglacann turais idir 3% agus 6% níos faide ar roinnt bealaí, i gcomparáid le 2012.

Leanann Bus Éireann ag obair leis na húdaráis chuí chun straitéisí éifeachtacha a fhorbairt d'fhonn freastal ar na dúshláin rompu agus amanna taistil a fheabhsú ar fud an Ghréasáin.

Mar aon le bearta tosaíochta bus a fheabhsú, cuideoidh teicneolaíocht GPS ar bord agus sonraí geospásúil fíor-ama ón 633 fheithicil atá againn leis sin.

## Aistriú córa iompair

Tá Bus Éireann tiomanta go hiomlán an t-aistriú ó thurais i gcarranna príobháideacha go dtí roghanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú. Agus muid ag obair lenár ngeallsealbhóirí agus le pobail áitiúla, táimid fós ag feabhsú agus ag infheistiú inár seirbhísí d'fhonn turais paisinéirí a mhéadú agus úsáideoirí nua a mhealladh le hiompar poiblí a úsáid.




## Iompar Scoile

Déantar thart ar 114,000 leanbh bunscoile, meánscoile agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a iompar i mbeagnach 4,000 feithicil, thar 6,000 bealach, ag freastal ar 3,000 scoil ar fud na tíre faoin Scéim Iompair Scoile. Ina measc sin tá 9,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a soláthraítear seirbhísí dóibh atá leagtha amach chun freastal ar riachtanais aonair agus a oibríonn ó dhoras go doras.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

In 2013, lean Bus Éireann ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna lena chinntiú go raibh seirbhísí iompair scoile a bhí á soláthar faoin Scéim Iompair Scoile fós á seachadadh ar bhealach cost-éifeachtúil agus éifeachtach thar ceann an Stáit.

### Feabhas Leanúnach

Tá luach €17 milliún de bhearta coigilte costais curtha ar fáil ag Bus Éireann in iompar scoile ó 2011 i leith. Tá sé ag teacht leis an gceanglas coigiltí de €17 milliún a sheachadadh sa Bhuiséad Iompair Scoile faoi 2014 faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go 2014. Is seirbhís bunaithe ar éileamh í an Scéim Iompair Scoile, agus seirbhísí agus feabhsuithe a tugadh isteach as an nua go háirithe do leanaí incháilithe a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is gné an-suntasach é sin ina gcuirtear brú ar chostais na scéime agus is príomhthiománaí costais é sin dá bhrí sin. In ainneoin sin tá muinín ag an gcuideachta go sárófar in 2014 an sprioc €17 milliún i gcoigiltis thar an tréimhse sin.




**Cuireadh bearta um choigilt costas ar b’fhiú €17 milliún iad i bhfeidhm san earnáil Iompair Scoile ó 2011 i leith**

# Táimid i gcroílár na bpobal le 26 bliana

Baineadh amach na coigiltis sin in ainneoin beagnach 230 seirbhís iompair scoile nua a bheith á gceadú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus á dtabhairt isteach ag Bus Éireann faoin Scéim Iompair Scoile as féin in 2013, rud a léirigh méadú 50% ar líon na seirbhísí nua a tugadh isteach i gcomparáid le 2012.

Tugadh isteach formhór na seirbhísí sin chun freastal ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ina measc bhí 29 seirbhís iompair scoile atá inrochtana do chathaoireacha rothaí rud a thugann líon na bhfeithiclí sin atá in úsáid gach lá scoile faoin Scéim Iompair Scoile go dtí 468.

Ina theannta sin, rinneadh athchóiriú ar 500 seirbhís ina measc síneadh ar bhealaí, uasghrádú ar fheithiclí, agus turais bhreise. Is 350 beart den sórt sin a rinneadh in 2012.

Le linn 2013 cuireadh i gcrích go rathúil an chéad bhliain iomlán scoile gan Oifigigh Caidrimh Iompair in Oifigí na gCoistí Gairmoideachais. Tharla sé sin i ndiaidh do Bhus Éireann freagracht a ghlacadh as riaradh na Scéime Iompair Iarbhunscoile.

Rinne Bus Éireann forbairt bhreise freisin ar an gcóras nua TF cuimsitheach le haghaidh Iompar Scoile in 2013. Leis sin feabhsófar, i measc rudaí eile, an cumas a bheidh ann seachadadh seirbhísí iompair scoile a phleanáil agus a fhaire agus beidh deis ag teaghlaigh iarratas a dhéanamh ar shaoráidí iompair scoile agus íoc as a gcuid ticéid ar bhealach áisiúil agus simplí ar líne. D'fháiltigh teaghlaigh a bhfuil cártaí leighis acu an tsaoráid nua chun a gcuid sonraí a chur isteach agus a dheimhniú ar líne. Tabharfar an córas sin isteach go hiomlán in 2014.

### Fócas ar Shábháilteacht

Tá sábháilteacht na leanaí scoile a bhíonn ag taisteal ar ár seirbhísí iompair scoile ar an tosaíocht is mó atá againn agus leanadh ag tabhairt neart airde le linn 2013 ar shábháilteacht busanna scoile agus teachtaireachtaí sábháilteachta lárnacha a chur in iúl.

Thug Seó Bóthair Bhus Éireann maidir le Sábháilteacht ar Bhusanna Scoile cuairt ar scoileanna agus bhí siad rannpháirteach i roinnt imeachtaí ilghníomhaireachta ag cur sábháilteachta chun cinn timpeall na tíre.

Leanann an chuideachta ag obair go dlúth le hAonad Grinnfhiosrúcháin Lárnach an Gharda Síochána lena chinntiú go ndéantar seiceálacha cúlra ar phearsanra a sholáthraíonn beagnach 4,000 seirbhís iompair scoile faoin Scéim Iompair Scoile, lena n-áirítear tiománaithe Bus Éireann agus ar Chonradh.

Mar chuid thábhachtach dár bprótacail sábháilteachta, fostaíonn Bus Éireann freisin seirbhísí sainghrúpa neamhspleách atá meáite ar sheirbhísí imscrúdaithe córas gairmiúil feithiclí agus cothabhála a sholáthar agus comhairle agus cúnamh a thabhairt a chuidíonn lena chinntiú go mbeidh ár nósanna imeachta cothabhála maidir lenár bhflít féin, ní hamháin in iompar scoile, comhsheasmhach le dea-chleachtais sa tionscal. Úsáidtear an ghníomhaireacht neamhspleách sin chun spotseiceálacha a dhéanamh ar bhusanna Conraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí bus scoile faoin Scéim ar fud na hÉireann, ag cur le himscrúduithe reachtúla ar fheithiclí.

Tá an lucht bainistíochta ag plé leis an réimse sin i gcónaí de réir mar a fhéachann an chuideachta le feabhas leanúnach a chur ar chaighdeáin sábháilteachta.

## Ginearálta

### Tiomantas do Phobail

Tá Bus Éireann tar éis bheith ag croílár na bpobal le 26 bliana anuas, agus caitheann sé go dáiríre lena ról seirbhís ríthábhachtacha sóisialta agus eacnamúla a sholáthar dóibh. Agus ár seirbhísí á soláthar againn, cuidímid freisin chun tacú le forbairt na bpobal sin ar roinnt bealaí.

### Cothabháil Seirbhísí i gCoinníollacha Dúshlánacha

D'éirigh le Bus Éireann le linn doininne an mhórchuid mhór dá chuid seirbhísí a choinneáil ar siúl chun a chinntiú go bhféadfadh custaiméirí leanúint ar aghaidh ag dul chun oibre, ar coláiste, chuig na siopaí agus cuairt a thabhairt ar theaghlach agus ar chairde.

## Ranníocóir do Gheilleagair agus do Ghnólachtaí Áitiúla

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhís shóisialta ríthábhachtach do bheagnach gach aon phobal sa tír lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Éascaíonn an chuideachta freisin do roinnt mhaith custaiméirí ag taistil isteach go Baile Átha Cliath agus chuig cathracha eile ar fud na hÉireann ar spriocanna oibre agus fóillíochta araon. Is ranníocóir eacnamúil mór sinn freisin leis na pobail sin mar fhostóir 2,486 duine ag 17 ionad ar fud na tíre. Tá 1,391 conraitheoir bhreise, a sholáthraíonn timpeall 3,461 feithicil agus níos mó ná 4,000 post, ar conradh linn chun seirbhísí a sholáthar, go príomha trí mheán na Scéime Iompair Scoile. Ina theannta sin is ceannaitheoir mór d'earraí agus seirbhísí áitiúla sinne, agus an chuideachta ag ceannach ó thimpeall 1,118 soláthraí ar fud na tíre.

Gineann Bus Éireann sochair eacnamúil nach beag don Státchiste. Ranníoc an chuideachta €51.96 milliún in 2013 trí íocaíochtaí ÍMAT/ÁSPC, CBL, Cáin Charbóin agus Dleacht Mháil. Is mó an ranníocaíocht sin don Státchiste ná a bhfuaireamar i gcistiú ón Stát in 2013.

## Tacaíocht don Turasóireacht

Is foinse ríthábhachtach ioncaim agus fostaíochta í an turasóireacht do phobail ar fud oileán na hÉireann, ar chuidigh an Tionscnamh "An Tionól" go mór léi. Is é meastachán Fáilte Ireland gur tháinig ní ba mhó ná 6.7 milliún cuairteoir isteach chun na tíre ó thar lear in 2013 Ba mhéadú faoi 7% é sin ar 2012. Ar ár sonsa, lean Bus Éireann ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'earnáil na Turasóireachta trí sheirbhísí speisialta a sholáthar d'fhéilte agus imeachta ó cheann ceann na bliana, arna gcur chun cinn go gníomhach sna réigiúin áitiúla agus ar leibhéal ní ba náisiúnta, trínár láithreán gréasáin agus na meáin sóisialta.

## Féilte

Thacaigh Bus Éireann le héagsúlacht leathan féilte agus imeachtaí ar fud na tíre, ag iompar beagnach 10,000 paisinéir san iomlán in 2013 chuig imeachtaí agus uathu, ar nós Bon Jovi agus Eminem i mBaile Shláine, an Electric Picnic, the Body and Soul Festival agus ceolchoirm Bruce Springsteen i gCill Chainnigh.

D'oibríomar i dteannta le foireann phromóisin agus reáchtálamar chur chun cinn as lámh a chéile d'Fhéile Ealaíon na Gaillimhe, Féile Gaiscíoch an Leathrois, Féile Cheoil agus Bhia Chathair na Mart agus Féile Sea Sessions i mBun Dobhráin. Bhí naisc ag na féilte go léir thuas le suíomh gréasáin na cuideachta ar a shuíomh ghréasáin féin inar cuireadh chun cinn ár seirbhísí Expressway i rith shéasúr na bhféilte.

## Turais Lae

Thug Bus Éireann turais lae i rith na bliana 2013 ar fud fad na tíre ar roinnt de na codanna is stairiúla agus is mó le rá sa tír ó thaobh an chultúir de, ar nós Ghleann Dá Loch agus Brú na Bóinne. Oibrítear turas bus gan díon ar bhunús ráithiúil i gCathair Chorcaí/ sa Bhlarna.

## Imeachtaí Spóirt

Ba é Bus Éireann an Soláthróir Iompair oifigiúil d'fhoirne Chraobhchomórtas Uile-Éireann i rith séasúir na bliana 2013 san Iománaíocht, sa Pheil Ghaelach agus sa Chamógaíocht.

Ba é Bus Éireann an t-urraitheoir teidil ar an bhFéile i rith samhraidh na bliana 2013, féile a bhí ar siúl i Luimneach. D'éirigh thar cionn leis an imeacht sin. Thug ár bhfoireann, in éineacht le hionadaithe ón CLG, cuairt ar 116 scoil ar fud chathair agus chontae Luimnigh, agus thug siad trealamh úr traenála CLG do gach aon scoil. Deis iontach ab ea an imeacht sin freisin chun béim a leagan ar an ról ríthábhachtach a bhíonn ag Bus Éireann i go leor pobal áitiúil timpeall na hÉireann.

**Ag iompar beagnach 10,000 paisinéir san iomlán go dtí imeachtaí agus ar ais arís in 2013**




Coinníonn Bus Éireann air mar an soláthróir oifigiúil iompair d'fhoirne sinsearacha an IRFU agus an FAI i dteannta le bheith ina sholáthróir oifigiúil iompair do Bhord Contae Bhaile Átha Cliath agus d'fhoirne Iomána na Gaillimhe agus Rugbaí Chúige Laighean.

D'oibrigh Bus Éireann seirbhísí tointeála bus chuig Rásaí Capall na Gaillimhe ag Baile an Bhriotaigh agus uathu, chuig Rásaí Capall Luimnigh, chomh maith le seirbhísí tointeála ó Luimneach chuig Stáid Pháirc Thuamhan do chluichí rugbaí na Mumhan.

Fuarthas breis ioncaim le linn Lúnasa agus Mheán Fómhair óir gur éirigh thar barr le contaetha Luimnigh agus an Chláir sa Chraobhchomórtas Iománaíochta Uile-Éireann thuas i bPáirc an Chrócaigh. D'fheidhmigh Bus Éireann seirbhísí speisialta idir stáisiúin na hInse agus Luimnigh go díreach le haghaidh lucht tacaíochta ag freastal ar na cluichí.

## Aisling Cloake

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt

Department of Transport, Tourism and Sport

Lean Bus Éireann ar aghaidh lena thiomantas do phobail ar fud na tíre lena thacaíocht do thionscadail náisiúnta agus áitiúla.

Bhí ról gníomhach ag Bus Éireann agus é ag obair leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus comhlachtaí Stáit agus áitiúla eile chun Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa a spreagadh, tionscnamh atá ann chun úsáid iompair poiblí níos mó a spreagadh ag leibhéil náisiúnta agus áitiúil. Tharla tionscadal speisialta Scoileanna Glasa i mí Mheán Fómhair i gceithre bhunscoil i gcathair Luimnigh chun Seachtain Soghluaisteachta Eorpach a cheiliúradh. I gceist leis an tionscadal bhí leanaí ó rang a haon á dtabhairt ar an mbus trína mbealach áitiúil, caint sa seomra ranga faoin tsábháilteacht agus faoin iompar ar bord bus agus eolas ginearálta faoi Bhus Éireann agus na buntáistí leis an Iompar Poiblí don timpeallacht freisin.

Bhí Bus Éireann ar cheann de na hurraitheoirí corparáideacha do na Gradaim Phobail agus Deonacha i gContae Phort Láirge, agus thug urraíocht don chatagóir gradaim don Chuimsiú Sóisialta. Cuireadh an searmanas gradam ar siúl i nDún Garbháin i mí na Samhna 2013.

Fearadh fáilte ar ais chuig a Chorcaigh dhúchais roimh an siúlóir rásaíochta is Curadh Domhanda Rob Heffernan ar bord bus gan díon de chuid Bhus Éireann i mí Lúnasa. Bhí ní ba mhó ná 10,000 duine i láthair ar Shráid Phádraig chun an gnóthachan ollmhór a cheiliúradh.

Lean Bus Éireann ar aghaidh lena urraíocht d'Fhéile Peil na nÓg agus d'Fhéile na nGael (san iomáint) náisiúnta de chuid an CLG d'fhoirne faoi 14 bliana d'aois, idir bhuachaillí agus cailíní. Ghlac ní ba mhó ná 8,000 imreoir óg ó fud na hÉireann agus thar lear rannpháirt sna himeachtaí i Luimneach agus i nDoire. Ba é Bus Éireann an t-urraitheoir teidil do Shraithchomórtas Náisiúnta Sacair do Mhná de chuid an FAI. Ocht bhfoireann atá sa tsraith, mar atá: Ceiltigh Chaisleán an Bharraigh FC, FC Ban Chorcaí, Mullach na Pise Aontaithe, Ráth Eanaigh Aontaithe, Ruagairí na Seamróige, DLR Waves, Ógánaigh Bhan Loch Garman AFC agus WFC na Gaillimhe.

# Tá 70% níos lú uisce á thomhailt ag niteoir busanna Gharáiste Thobar an Chaipín

Reáchtáladh an lá speisialta do bhailiúchán náisiúnta do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta in 2013 arís in athuair. Thug foireann Bhus Éireann ag 13 stáisiún ar fud na tíre a gcuid ama go saorálach ar son Chluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann.

## Scéim Taxsaver

Bhí rath ollmhór ar an scéim Taxsaver, agus breis agus 920 cuideachta ag ceannach ticéad Taxsaver Bhus Éireann in 2013 aníos ó 840 in 2012.

Tháinig fás 12% (€1 milliún) in 2013 ón éileamh méadaithe don táirge seo. Is ionann luach na ndíolachán iomlán anois agus timpeall €5 milliún agus Corcaigh ag druidim le €1 milliún, agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath fós mar an réigiún is mó chun cinn. Ordaíonn gach cuideachta a gcuid ticéad tríd an gcóras comhtháite ar líne d'áirithiní Taxsaver. Ní raibh aon athrú don reachtaíocht cánach le linn na bliana 2013 a chuaigh i bhfeidhm ar in-asbhainteacht na dticéad taxsaver ó thaobh cánach de, rud a cheadaigh do go leor custaiméirí faoiseamh cánach ag an ráta imeallach a éileamh. Sheol na trí chuideachta de chuid CIÉ comhfheachtas margaíochta ag deireadh na bliana 2013.

taxsaver.ie
cut the cost of your commute

## Ag Caint lenár gCustaiméirí

Tá sé ríthábhachtach don chuideachta ár gcuid custaiméirí a choinneáil ar an eolas. Is eochairthosaíocht do Bhus Éireann í sástacht na gcustaiméirí a monatóiriú agus a fheabhsú, rud a ghnóthaítear trí rannpháirtíocht leanúnach lenár gcustaiméirí ar bhonn laethúil. Is gné ríthábhachtach é sin d'fheabhsú shástacht na gcustaiméirí, agus tá an t-aiseolas a fhaightear ó chustaiméirí fíorthábhachtach dúinn. Féachann Bus Éireann i gcónaí chun luach airgid a sholáthar do chustaiméirí, lena mbaineann measúnú leanúnach, le hathrú agus feabhsú dár ngréasán agus dár seirbhísí. Is i gCairt Chustaiméirí na cuideachta a leagtar amach réimse tiomantas seirbhíse agus tá an chuideachta tiomanta dá seachadadh do chustaiméirí reatha agus d'fhonn custaiméirí nua a mhealladh.

Déantar iniúchadh neamhspleách gach ráithe chun feidhmíocht Bhus Éireann i sásamh na dtiomantas seirbhíse a thomhas.

Baineann trí chomhchuid leis an iniúchadh, mar atá:

- Suirbhéanna ar chustaiméirí ina ndéantar smaointe custaiméirí ar fheidhmíocht a thomhas
- Taifeadadh imeachtaí bus chun feidhmíocht na n-oibríochtaí bus a thomhas
- Siopiadóirí agus breathnuithe rúnda chun gnéithe éagsúla den tseirbhís do chustaiméirí a mheasúnú

Molaimid aiseolas ó chustaiméirí trínár gcustaiméirí ag seoladh ríomhphost dá gcuid moltaí chuig info@busÉireann.ie

## Sochair Chomhshaoil

Choinnigh Bus Éireann air in 2013 ag forfheidhmiú an gclár Éici-Thiomána agus Tiomána Cosanta don fhoireann tiomána mar chuid den bheartas foriomlán teicníocht tiomána a fheabhsú, réchasadh feithicle a laghdú, caitheamh feithicle a laghdú agus ídiú breosla a laghdú sa deireadh thiar. Suiteáladh agus coimisiúnaíodh córas athchúrsála fuíolluisce freisin i ngaráiste Thobar an Chaipín mar chuid den tionscnamh Iorg glas saoráidí Bhus Éireann a fheabhsú, rud a cheadóidh d'athchúrsáil an uisce a úsáidtear i saoráid nite bus Chorcaí. Soláthraítear modh rí-éifeachtúil agus sábháilte sa ghléasra athchúrsála fuíolluisce d'athchúrsáil an fhuíolluisce, agus laghdaítear leis tomhailt fhoriomlán an uisce agus sceitheadh an fhuíolluisce isteach sna draenacha poiblí. Tagann suas le 150 bus trí ionad nite bus Gharáiste Thobar an Chaipín, agus úsáidtear 22,500 lítear d'uisce ann. Laghdóidh an córas sin tomhailt fhoriomlán an uisce faoi timpeall 70%. Táthar tar éis cailliúint an uisce a íoslaghdú freisin, agus táthar tar éis an méid fuíolluisce forsceite sna séaraigh phoiblí a laghdú go níos lú ná 5% dá bharr sin.

Leanadh ar aghaidh le rolladh amach an tsoilsithe ar éifeachtúil le fuinneamh é le tabhairt isteach an tsoilsithe ionduchtaithe i ngaráistí Luimnigh agus Dhurlais. Feistíodh an dá shaoráid freisin le teicneolaíocht áitíochta PIR (Infri-Dhearg Éighníomhach), rud a chinntíonn go múchtar an soilsiú go huathoibríoch ar bhonn criosanna nuair nach mbíonn duine ar bith i láthair oibre éigin. Is i gcomhar leis na suiteálacha soilsithe leasaithe atá garáistí Luimnigh agus Dhurlais tar



éis comhbhrúiteoirí aeir de chineál scriú gasta inathraithe comhoiriúnaithe de réir ualaigh a shuiteáil, rud a laghdóidh ídiú an fhuinnimh faoi níos mó ná 60%.

## Sábháilteacht agus Cáilíocht

Tá an tsábháilteacht agus an cháilíocht mar an chéad tosaíocht don Chuideachta. Is ceannródaí sa réimse seo é Bus Éireann go fóill. Rinne an Freight Transport Association (FTA) *(An Cumann Iompair Lastais)* iniúchadh in 2013 ar ár n-inniúlacht mar oibreoir iompair shábháilte inbhuanaithe do phaisinéirí. Rinne siad iniúchadh ar na heochair-limistéir dár gcóras iompair lenar áiríodh bainistiú tuirse tiománaithe, ródacmhainneacht feithicle, inniúlacht tiománaithe, rialacha tráchta bóthair, inniúlacht ghairmiúil, dea-chlú, oibríochtaí inbhuanaithe, bainistiú conraitheoirí agus seirbhísí tacaíochta. Choinníomar go rathúil an gradam a fuaireamar den chéad uair thiar in 2012.


Tugadh isteach na Gradaim 'Leading Lights in Road Safety' thiar in 2008 chun ceiliúradh ar iarrachtaí iontacha ó dhaoine ar fud na hÉireann na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do chách. Tugtar deis ar leith leis na gradaim do dhaoine ón bpobal urraim a léiriú do rannchur daoine eisceachtúla a chuireann chun cinn an tsábháilteacht ar bhóithre ina gcuid pobal.

Bhuaigh Cigire Oiliúna Bhus Éireann gradam in 2013 dá 'Rannchur don tSábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn' (Catagóir Bus) as ucht a fheabhais san oiliúint.

## Dul chun Cinn Wi-Fi

Féachann Bus Éireann i gcónaí chun bealaí a aimsiú chun luach ar airgead a mhéadú ina chuid tairiscintí seirbhíse trí tháirgí feabhsaithe a sholáthar dár gcustaiméirí ar nós Wi-Fi saor in aisce. Chríochnaigh an chuideachta clár mór iarfheistithe ar fud an fhlít in 2013, agus tá Wi-Fi ar bord saor in aisce ag gach aon cheann dár mbusanna, ach amháin na busanna scoile. Tá súil ag an gcuideachta go bhfeabhsóidh sé sin eispéireas taistil ár gcustaiméirí trí dheiseanna a thabhairt dóibh do tháirgeacht níos fearr chomh maith le siamsaíocht fheabhsaithe ar bord.

## Ídiú Fuinnimh




Laghdú d'ídiú breosla díosail do bhusanna i mbun feidhme faoi beagnach 2% idir 2012 agus 2013.

Is é an t-ídiú fuinnimh phríomha ag Bus Éireann an t-ídiú a bhaineann le húsáid an fhuinnimh dhíosail sa fhlít busanna. B'ionann an líon breosla díosail a ídíodh in 2013 agus 28.2 milliún lítear. Is ón leictreachas agus gás ag na háitribh a thagann na foinsí fuinnimh eile a chaitear.

Is é seo a leanas an miondealú d'ídiú an fhuinnimh in 2013:

- Ídiú breosla de réir flít 96.1%
- Leictreachas 1.9%
- Gás 1.9%
- Ola Théimh 0.1%

Baintear leas as tomhailt an fhuinnimh go príomha don soilsiú agus d'fheidhmiú garáistí agus oifigí, agus baintear leas as an ngás agus an ola don téamh. D'ídigh Bus Éireann 298,415 MWH fuinnimh in 2013. Áirítear iad seo a leanas leis:

- 286,652 MWh de bhreosla díosail don fhlít busanna
- 5,568 MWh leictreachais
- 5,540 MWh den ghás nádúrtha
- 655 MWh d'ola théimh

## Gníomhartha Coigilte Fuinnimh in 2013

Is ionann an breosla feithicle agus níos mó ná 96% d'ídiú fuinnimh Bhus Éireann, agus glacadh na bearta seo a leanas in 2013

- Tá timpeall 2,200 tiománaí do Bhus Éireann tar éis modúl CPC de chuid an RSA do Thiománaithe 'Rialú na Feithicle agus Teicníochtaí Éici-Thiomána'.
- Sheol Bus Éireann feachtas feasachta 'Laghdú Ídiú Bhreosla na nInneall Réchasta' i mí Iúil 2013.
- Úsáid fhormhéadaithe de chórais teileamataice chun éifeachtúlachtaí fuinnimh a stiúradh.
- Cur chun cinn na feasachta i leith éifeachtúlacht fuinnimh i measc fostaithe.

## Gníomhartha Coigilte Fuinnimh don bhliain 2014

In 2014 tá sé ar intinn ag an gcuideachta breis feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Trialacha leanúnacha ar éici-thiomáint ag baint leasa as teicneolaíocht ar bord d'aiseolas don tiománaí.
- Suiteálacha breise de bhraiteoirí PIR (Infri-Dhearg Éighníomhach) sna ceardlanna.
- Leathnú na monatóireachta ar bhreosla sa fhlít de réir bealaigh.
- Ceannach feithiclí nua feistithe le hinnill ar chaighdeán astúcháin Euro 6.
- Roghanna fuinnimh in-athnuaite do na hiostaí.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint a thuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh trí na foirne bainistíochta áitiúla.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár cúrsaí de chuid Institiúid na nArd-Tiománaithe [The Institute of Advanced Motorists], 'Cúrsa Tiomána Cosanta agus Éici-Thiomána'.

## Cistiú agus Inrochtaineacht

Bhuail an Grúpa Úsáideoirí le Míchumais le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana 2013 chun plé agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh. Is ball é Bus Éireann den Choiste Inrochtaineachta Iompair Phoiblí (PTAC) agus tá grúpa úsáideoirí inrochainteachta gníomhach aige a áirítear lena bhaill an IWA, DeafHear, NCBI, agus an Fócasghrúpa Míchumais de chuid Fhóram Pobail Bhaile Átha Cliath. Tá na grúpaí úd tar éis bheith réamhghníomhach i bhforbairt seirbhísí inrochtaineachta Bhus Éireann.

Rinneadh oibreacha feabhsaithe inrochtaineachta ag Stáisiún Bus na Gaillimhe in 2013, lenar áiríodh leagan amach feabhsaithe do bhusanna, colbhaí Kassel, comharthaíocht LED, rotharchlóis agus stadanna tuirlingthe. Rinne an chuideachta Iniúchadh Inrochtaineachta iomlán freisin ar gach aon cheann dár saoráidí, atá ar cheann den iliomad céimeanna is féidir cuidiú le feabhsú na hinrochtaineachta.

Níor tugadh isteach aon fheithicil úr sa fhlít in 2013 de bharr na leibhéal cistithe laghdaithe. Choinníomar orainne, in éineacht le geallsealbhóirí eile, chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfaimis seirbhís cóiste inrochtana a sholáthar le saoráidí ardaithe do chathaoireacha rothaí ar bhonn bealach amháin i ndiaidh a chéile.

**Ceannaíodh feithiclí nua a bhfuil innill iontu a shásaíonn caighdeán astaíochta Euro 6**

# Rinneadh infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt foirne in 2013

## Oibríochtaí Garáiste

Chonacthas críochnú na gclár oiliúna speisialta don fhlít a mhair trí bliana don fhoireann chothabhála in 2013. D'fheabhsaigh na cláir cumas foriomlán na ngaráistí chun freagairt do shaincheisteanna flít.

Cuirfear tús in athuair le rolladh amach na gclár trí bliana in 2014 chun cur chuige na forbartha gairmiúla leanúnaí do gach ball foirne a chothabháil. Chonacthas rolladh amach in 2013 freisin de dheimhniú agus oiliúint an Institute of Vehicle Recovery chun ár gcleachtais sábháilteachta a threisiú maidir le hoibriú ar cholbha an bhóthair don fhoireann gharáiste. Dá bharr sin táimid ar na chéad chuideachtaí in Éirinn chun deimhniú IVR a leagan síos mar bhunriachtanas.

Tugadh oibreacha athfhorbartha iosta Thobar an Chaipín chun críche go rathúil i lár 2013 le hathnuachan na saoráidí iosta lenar áiríodh bonneagar breoslaithe, stóráil breosla, bothán slándála, slí isteach lena n-áirítear bacainní uathoibrithe, uasghrádú do sheirbhísí leictreacha, córas CCTV, uasghrádú fuíolluisce agus leagan amach páirceála. Cuireadh tús freisin in 2013 le rolladh amach na n-oibreacha feabhsaithe ar shuiteálacha leictreacha go náisiúnta. Táthar tar éis suiteálacha leictreacha a athchur go rathúil go nuige seo i bPort Láirge, Durlas, Baile Átha Luain agus Béal an Átha. Tá an chéad chéim eile de na hoibreacha leictreacha ar siúl sa Chloch Leathan, a bhfuiltear ag dúil lena gcríochnú i lár na bliana 2014.

## Ag Infheistiú i nDaoine

Lean Bus Éireann ar aghaidh lena infheistíocht leanúnach in oiliúint agus forbairt foirne in 2013.

## Oiliúint na dTiománaithe

RSA — Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Chríochnaigh Bus Éireann an chéad timthriall cúig bliana den oiliúint CPC do Thiománaithe, agus chuir tús leis an dara timthriall cúig bliana den oiliúint in 2013. Cuireadh tús leis an modúl sin, an Tiománaí Bus Gairmiúil, arna cheadú ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, in 2013 lena chríochnú i gcaitheamh 2014. Cuireadh oiliúint ar na teagascóirí oiliúna go léir chun an modúl sin a theagasc. Chuaigh gach aon teagascóir oiliúna agus tiománaí i mbun oiliúna taithíochta i leith na bhfeithiclí nua a tugadh isteach sa fhlít.

Rinne an tÚdarás nua um Shábháilteacht ar Bhóithre imscrúdú ar áitreabh oiliúna agus chuaigh i mbun measúnachtaí randamacha ar gach aon teagascóir oiliúna a sheachadann an CPC do thiománaithe. Bronnadh Gradam náisiúnta Leading Light don Teagascóir Tiomána Ceadaithe is fearr in Éirinn ar theagascóir amháin as ucht a rannchuir don tSábháilteacht ar Bhóithre.

Leanadh ar aghaidh i gcaitheamh na bliana leis an taithíocht feithicle agus an oiliúint um fheidhmiú feithiclí ar inrochtana do chathaoireacha rothaí iad. Leanadh ar aghaidh le heisiúint agus leithdháileadh Feasacháin ráithiúil um Shábháilteacht do Thiománaithe do gach aon tiománaí i rith na bliana 2013.

Cuireadh oiliúint ar gach aon teagascóir oiliúna i seachadadh Cúrsa Tiomána Cosanta agus Éici-thiomána de chuid Bhus Éireann/Institute of Advanced Motorists (IAM), lenar áiríodh modúl ar theileamataic feithicle freisin. Rinneadh foráil freisin don tástáil ardtiomána IAM lena soláthar do thiománaithe ar bhonn deonach.

## Foireann Chothabhála

Tugadh an bhliain dheireanach de phlean oiliúna trí bliana do theicneoirí garáiste chun críche in 2013. Díríodh go sonrach sa phlean trí bliana ar oiliúint i bpróisis agus nósanna imeachta nua agus i bhforbairt leanúnach na tuisceana ar dhiagnóisic agus deisiú ginearálta na bhfeithiclí.

Chríochnaigh na teicneoirí garáiste cúrsa oiliúna freisin d'iniúchadh feithicle leis an mbéim ar na Caighdeáin Ródacmhainneachta nua d'Fheithiclí Tráchtála a tugadh isteach agus ar na Nósanna Imeachta Leasaithe d'Iniúchadh a thabharfar isteach in 2014.

Leanadh ar aghaidh leis an oiliúint reachtúil éigeantach do theicneoirí garáiste ar nós oibriú ag airde, cothabháil na haerchóireála agus oiliúint i dtrucailí forcardaitheora in 2013. Chríochnaigh gach teicneoir garáiste cúrsa oiliúna freisin i bhfeistiú agus iniúchadh rothaí.

Chríochnaigh gráid éagsúla foirne cothabhála an oiliúint do mhaoir dhóiteáin, láimhsiú agus garchabhair.

Chríochnaigh roinnt maoirseoirí cothabhála agus innealtóirí réigiúnacha Cúrsa um Bainistiú Sábháilteachta, de chuid an Institute of Occupational Health and Safety (IOSH), arna chreidiúnú ag FETAC. Fuair gach maoirseoir cothabhála oiliúint sa trealamh ardaithe feithicle.

Críochnaíodh cúrsa dhá lá d'innealtóirí réigiúnacha, innealtóirí CME agus maoirseoirí cothabhála le gach aon cheann de na déantúsóirí feithicle, mar atá VDL, Scania agus Volvo. Ailíníodh an cúrsa sin leis an oiliúint a tugadh do theicneoirí garáiste i rith an phlean trí bliana.


**Fostaíodh 15 phrintíseach nua in 2013**

## Oiliúint Printísigh

Leanadh ar aghaidh le hoiliúint a chur ar phrintísigh, agus 15 phrintíseach úra á n-earcú in 2013. Téann na printísigh i mbun cláir ceithre bliana, arna sholáthar ag Bus Éireann i gcomhar le SOLAS (FÁS roimhe seo).

Críochnaítear an clár oiliúna do phrintísigh mar oiliúint i mbun oibre thar ár ngréasán 17 ngaráiste i gcomhar le céimeanna oiliúna in SOLAS (FÁS roimhe seo) agus in Institiúidí Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Bhaile Átha Luain. Ar chríochnú rathúil an chláir ceithre bliana dóibh gnóthaíonn na printísigh Ardteastas FETAC Leibhéal 6 mar Mheicneoirí Feithiclí Troma. Roghnaíonn go leor printíseach ansin a ngairm a chur ar aghaidh tríd an mBaitsiléireacht i dTeicneolaíocht na hInnealtóireachta, Teicneolaíocht agus Diagnóisic





**Cuireadh bailchríoch ar bhliain dheireanach de phlean oiliúna trí bliana do theicneoirí gharáiste in 2013**

Uathghluaisneach a bhaint amach ag Instituúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tar éis gur éirigh linn i gcomórtas Scileanna Náisiúnta na hÉireann 2010 mar a raibh duine de phrintísigh Bhus Éireann ina bhuaiteoir glan amach, in 2013 choinnigh Bus Éireann leis an rath sin tríd an dara háit ar an iomlán a ghnóthú. D'éirigh le printísigh a fuair oiliúint le Bus Éireann aistriú le bliain amháin anuas chuig gairmeacha le Seirbhís Chabhlaigh Óglaigh na hÉireann, agus freisin le Cumann Lastiompair na hÉireann, ar cumann trádála é atá saintiomanta d'fheabhsú na sábháilteachta agus an chomhlíonta sa tionscal iompair.

## An Duaiscéim

Cuireadh éagsúlacht chúrsaí ar fáil d'fhostaithe trí An Duaiscéim, scéim oscailte don fhoireann uile, chun cuidiú leo a gcuid scileanna a fhorbairt san ionad oibre.

## Foireann Chléireachais

Cuireadh réimse leathan cúrsaí ar fáil don fhoireann chléireachais ag díriú ar bhealaí níos éifeachtúla oibre a fhorbairt, lena n-áirítear scileanna ríomhaireachta, cúram custaiméirí, ceannaireacht agus spreagadh pearsanta a fheabhsú. Reáchtáladh oiliúint eile freisin ar feadh 2013 ar chórais TF inmheánach ar nós CORE, SAP, Microbus agus scanadh tacagraif.

## Foireann Bhainistíochta

Choinnigh Bus Éireann air ag infheistiú ina fhoireann bhainistíochta i rith na bliana le roinnt cúrsaí á soláthar agus béim faoi leith ar scileanna bainistíochta éifeachtacha agus éifeachtúla a fhorbairt, lena n-áirítear éifeachtacht phearsanta agus scileanna bainistíochta daoine. Chríochnaigh líon mór bainisteoirí an CPC bainistíochta. Áiríodh le cúrsaí eile cosaint sonraí, oiliúint shíciméadrach agus oiliúint sa soláthar.

Bhí baint leanúnach le forbairt scileanna bainistíochta le hochtar fostaithe ag tosú faoin dara bliain de chlár i Staidéir Bhainistíochta don Earnáil Iompair, arna chreidiúnú ag HETAC. Is í Instituúid Teicneolaíochta Cheatharlach (CIT) a sholáthraíonn an cúrsa sin, lena mbaineann forbairt phraiticiúil chomh maith le foghlaim acadúil. Tá Bus Éireann tar éis 60 fostaí a urrú don chúrsa sin ó tugadh isteach é.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Bord Stiúrthóirí

Paul Mallee, Cathaoirleach

Susan Donohoe *(chuaigh ar scor an 14 Márta 2013)*

Tom Hussey *(chuaigh ar scor an 2 Nollaig 2013)*

John Moloney

Bill McCamley

Micheál Ó Faoláin *(chuaigh ar scor an 21 Feabhra 2014)*

Henry Minogue

Kieran Fay

Aidan Murphy

Gerard Ryan

## Príomhfheidhmeannach

Martin Nolan

## Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Andrea Keane
An Chloch Leathan
Baile Átha Cliath 7

Guthán: 00 353 1 703 3447
Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie
Uimhir Chláraithe: 119570

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Cuideachta Iniúchta Reachtúil
Uimhir a hAon Duga Spencer
Baile Átha Cliath 1

# Beathaisnéisí Stiúrthóirí



## Paul Mallee

Ceapadh Paul Mallee mar Chathaoirleach Bhus Éireann agus mar Bhall Boird ag Córas Iompair Éireann an 29 Meitheamh 2011.

Is comhairleach bainistíochta é le speisialtóireacht san earnáil iompair agus obair idirnáisiúnta. Bhí poist bhainistíochta sinsearaí aige ag Etihad Airways agus leis an gcomhairleacht straitéise domhanda Booz & Company. Is Comhalta agus iar-Uachtarán é Paul d'Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair na hÉireann (CILT). Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Ghnó Michael Smurfit do Chéimithe COBÁC é. Tá Céim Mháistreachta ag Paul sa Bhainistíocht agus Pleanáil Straitéiseach, agus tá Baitsiléireacht sa Tráchtáil agus Teastas Inniúlachta Gairmiúla i mBainistiú Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre aige.



## Susan Donohoe

Ceapadh Susan Donohoe don bhord ar dtús i mí an Mhárta 2010.

Is Comhalta í Susan de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe, agus taithí aici in éagsúlacht rólanna airgeadais ón mbliain 1978 i leith. D'oibrigh Susan i gcleachtas ar feadh 16 bliana agus b'iniúchóir cláraithe í idir na blianta 1997 agus 2003. Ghabh sí an ról mar bhainisteoir airgeadais chuici féin i roinnt tionscal éagsúla freisin. Ina ról reatha mar Bhainisteoir Díolachán Corparáideach do EQuita Consulting is amhlaidh atá Susan i gceannas ar fhoireann gairmeach le speisialtóireacht i gcaibidliú Tráchtála, san Idirghabháil, Réiteach Díospóidí, Fiosrúcháin Tromaíochta agus Ciaptha, agus Cóitseáil Feidhmeannach in Éirinn, san Eoraip, i SAM agus sa Mheán-Oirthear. Is céimí COBÁC í, d'fhóin Susan mar bhall ar Chomhairle CERT agus mar bhall de bhord eatramhach Fáilte Éireann roimhe seo. Chuaigh Susan ar scor mar stiúrthóir an 14 Márta 2013.



## Tom Hussey

Ceapadh Tom Hussey don bhord i mí na Nollag 2010.

Is iar-Ionadaí Poiblí é Tom agus é ina T.D. do Thoghcheantar na Gaillimhe Thoir idir na blianta 1969 agus 1981. D'fhóin sé mar Aire Stáit don Talmhaíocht, Sláinte agus Leas Sóisialach idir na blianta 1977 agus 1981 agus toghadh ina Sheanadóir ina dhiaidh sin é, ina shuí ar an bPainéal Talmhaíochta ar feadh 12 bliana go dtí 1992. Bhí Tom ina Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar feadh ceithre bliana as a chéile i lár na 1970í, agus bhí sé ina chathaoirleach freisin ar Bhord Sláinte an Iarthair. Is céimí d'OÉ, Gaillimh é Tom, agus d'fhóin sé roimhe seo mar bhall ar Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe mar Stiúrthóir ar Aontas agus ar an mBord Oideachais Aosach Náisiúnta. Tá sé tar éis bheith ina stiúrthóir ar Chuideachta Chalafoirt Bhaile Átha Cliath ón mbliain 2002 anuas go dtí an bhliain 2011. Chuaigh Tom ar scor mar stiúrthóir an 2 Nollaig 2013.



## John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 i gcomhréir leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

Chuaigh John le Bus Éireann in 1978 agus is i gCorcaigh a oibríonn sé mar thiománaí bus. Is ball den NBRU é.



## Bill McCamley

Céadcheapadh Bill McCamley don bhord i mí na Nollag 1997 i gcomhréir leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 1981.

Chuaigh Bill ag obair le Bus Átha Cliath in 1974 agus oibríonn sé i ngaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúil ina cheardchumann, SIPTU, aige lena n-áirítear ballraíocht de na coistí Réigiúnacha, Rannacha agus Craoibhe. Tá Bill ina ball faoi láthair de choiste na hEarnála Iompair agus de choiste Dúiche Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina ionadaí a sheas ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá mórchuid scríofa aige faoi cheisteanna iompair agus cúrsaí ceardchumann, lena n-áirítear leabhar ar stair oibrithe tramanna Bhaile Átha Cliath.



## Micheál Ó Faoláin

Ceapadh Mícheál Ó Faoláin don bhord ar dtús i mí Feabhra 2011.

Mar iar-stiúrthóir do Bhord Gáis Éireann, d'fhóin Mícheál ar na fochoistí Iniúchta agus Caidrimh Phoiblí chomh maith le bheith ina stiúrthóir ar an gcuideachta comhfhiontair C.H.P. C M Power.

Tá taithí phraiticiúil ag Mícheál den chóras iompair scoile mar iar-phríomhoide iarbhunscoile. Tagann taithí ghnó eile óna stiúrthóireachta ar Telcotec, soláthróir córais chúloifige fóin phóca, Three Roch Media, cuideachta oiliúna ar líne sa ghrianghrafadóireacht/ceamaraí láimhe agus Athgal ar comhairleacht gnó/oideachasúil í. Agus é mar chéimí Dán agus Dlí ó OÉ, Gaillimh, tá Dioplóma aige freisin sna Caidrimh Thionsclaíocha ón N.C.I.R.

Chuaigh Mícheál ar scor mar stiúrthóir an 21 Feabhra 2014.



## Henry Minogue

Ceapadh Henry Minogue don bhord i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Bhí sé ina stiúrthóir TF do UPC in Éirinn ón mbliain 2006 i leith, tar éis dó bheith ag fónamh roimhe sin mar Bhainisteoir Cláir don Straitéis agus Pleanáil. Tá sé tar éis bheith ag obair san earnáil TF agus Teileachumarsáide in Éirinn le 18 bliana anuas. Fuair sé neart taithí ghnó i rith na tréimhse sin sa Phleanáil Straitéiseach TF, Bainistiú Oibríochtaí TF, Seachadadh agus Rialachas; agus Claochlú Gnó trí mheán clár faoi cheannas na Nuálaíochta á sheachadadh freisin aige.

Bhí roinnt post aige sa chomhairleacht agus lucht bainistíochta sinsearach i dtionscal na Teileachumarsáide in Éirinn. I measc a dhintiúr freisin tá poist chomhairleachta sna hearnálacha miondíola agus airgeadais araon. Is ball é Henry de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann agus d'Institiúid Stiúrthóirí in Éirinn.

Ceapadh Henry mar Chathaoirleach ar Ghrúpa Athbhreithnithe Iniúchta Bhus Éireann le linn 2012.



## Kieran Fay

Ceapadh Kieran Fay don bhord i mí na Samhna 2011.

Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é Kieran, agus Céim Onórach san Eolaíocht aige agus Dioplóma san Innealtóireacht Chomhshaoil aige, i dteannta le Máistreacht san Eolaíocht ó Ollscoil Napier thall i nDún Éidean. Is Eolaí Cairte é (MCIWEM 2008) agus is Bainisteoir Uisce agus Comhshaoil Chairte é (C.WEM 2009) agus tá breis agus 14 bliana de thaithí ghnó aige sna hEarnálacha Innealtóireachta Comhshaoil agus Sláinte agus Sábháilteachta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an Oifig um Measúnacht Comhshaoil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) in Éirinn.

Tá Kieran ag obair go lánaimseartha i láthair na huaire ag forfheidhmiú na gCóras Sláinte agus Sábháilteachta, Comhshaoil agus Bainistiú Fuinnimh laistigh d'Earnáil na hInnealtóireachta chun comhlíonadh le reachtaíocht an AE a chinntiú.



## Gerard Ryan

Ceapadh Gerard Ryan don bhord i mí Iúil 2012.

Tá os cionn 15 bliain taithí ag Gerard Ryan i bpoist bhainistíochta sinsearaí in earnálacha na seirbhísí airgeadais agus TF i roinnt eagras éagsúil. Tá sé mar Stiúrthóir Oibríochtaí i láthair na huaire le Acorn Life Ltd, ar cuideachta árachais bheatha phríobháideach Éireannach í, lonnaithe i nGaillimh. Is Stiúrthóir neamhfheidhmeannach é ar Acorn Insurance Ltd., bróicéireacht árachais ghinearálta atá mar chuid den Ghrúpa Acorn. Tá cúlra mór aige sa bhainistíocht ghinearálta, agus tá neart taithí aige sa bhainistiú airgeadais agus costais, bainistiú agus measúnú tionscadail, athrú gnó, nuálaíocht de bharr teicneolaíochta agus éilimh chustaiméirí a shásamh. Is leis Máistreacht sa Riarachán Gnó ó Scoil Ghnó Michael Smurfit do Chéimithe de chuid COBÁC, agus B.Sc. aige freisin in Eolaíocht na Ríomhaireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



## Aidan Murphy

Ceapadh Aidean Murphy don bhord i mí Aibreáin na bliana 2013.

Tá taithí chuimsitheach aige mar ghairmeach sa Slabhra Soláthair, agus poist aige mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pulse Logistics, Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair C&C Group, Bainisteoir Ginearálta Wincanton Ireland agus Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Ltd. Is eochair-chainteoir é do roinnt imeachtaí Eorpach um an Slabhra Soláthair, lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Slabhra Soláthair na hEorpa, agus is comhalta agus iar-Uachtaran é d'Institiúid Chairt Lóistíochta agus Iompair Éireann é.

**Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí hÉireann 1963-2013 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta agus na nótaí gaolmhara, atá mar chuid de na ráitis airgeadais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.**

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Cuideachta bhainistithe iompair is ea Bus Éireann, arb iad a príomhghníomhaíochtaí bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán comhtháite seirbhísí, ag baint úsáide as a chuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheoraí. Clúdaíonn an gréasán comhtháite sin seirbhísí cóistí achar fada, mar aon le seirbhísí áitiúla, tuaithe, coimitéara, agus seirbhísí bus bailte agus cathracha cúige. Tá an chuideachta freagrach as bainistiú agus soláthar na Scéime Iompair Scoile náisiúnta thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna chomh maith.

Bhí barrachas foriomlán €0.4 milliún ag an gcuideachta nuair a bhí íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí €34.4 milliún déanta (€36.9 milliún in 2012).

Baineadh amach an barrachas in ainneoin na ndálaí an-dúshlánach a bhí ann agus cuireadh ar fáil é tríd an bhfás a tháinig ar réimsí lárnacha ioncaim chomh maith le coigiltis shuntasacha a rinneadh a chúrsaí párolla agus trí leanúint ar aghaidh le réimse beart chun éifeachtúlacht a chinntiú.

Cuireadh an barrachas ar fáil tráth ar tharla laghdú €2.5 milliún (7%) i bhFóirdheontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí idir 2013 agus 2012. In ainneoin go ndearnadh an laghdú sin choinnigh an chuideachta líonra iomlán sheirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar siúl i rith 2013.

Tharla méadú 0.38 milliún ar líon na n-aistear a rinne paisinéirí bóthair agus tháinig méadú 0.72 milliún ar líon na n-aistear scoile a rinne daltaí in 2013.

Tá an chuideachta ag díriú i gcónaí ar líonra sábháilte, éifeachtúil seirbhísí a chur ar fáil dá custaiméirí go léir. Déanann an lucht bainistíochta agus stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht na cuideachta i bhfianaise réimse príomhtháscairí oibríochta airgeadais agus feidhmíochta le féachaint conas atá ag éirí léi.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar a ghníomhaíocht na Cuideachta i rith na bliana le fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí atá le fáil ar leathanaigh 3 go 27.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 leagtha amach go mionsonraithe ar leathanaigh 38 go 56. Léiríonn na torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 barrachas €0.4 milliún (2012 – easnamh €6.2 milliún).

## An Bord

Rialaítear an Chuideachta ag a Bord Stiúrhthóirí. Tháinig an bord le chéile deich n-uaire i rith 2013 agus tá sceideal ábhar forchoimeádta leagtha síos le go dtabharfaidh siad faomhadh dóibh.

## An Timpeallacht Rialaithe

Tá rialuithe na cuideachta bunaithe ar chomhchóras bainistíochta atá dírithe ar phróisis. Is é an aidhm atá leo ná a chinntiú go bhfuil cultúr na cuideachta bunaithe ar ionracas agus nach sáraítear luachanna eiticiúla. Is iad príomhphróisis ghnó na cuideachta mar aon leis na beartais agus na nósanna imeachta a ghabhann leo agus na treoracha áitiúla a chinntíonn an timpeallacht rialaithe.

## Bainistíocht Riosca

Tá clár riosca ag an gcuideachta agus tugann na stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearacha é cothrom le dáta ar bhonn leanúnach d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh air. Tá Coiste Sábháilteachta agus Coiste Cothabhála ag an mBord freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta agus ar chúrsaí agus ar nósanna imeachta cothabhála, agus seolann siad tuairiscí chuig Bord Bhus Éireann.

## Infheistíocht Chaipitiúil

B'fhiú €3.4 milliún an caiteachas caipitil in 2013 (2012: €2.4 milliún). Lena chois sin fuair an chuideachta maoiniú caipitil €1.8 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair i leith gléasra in 2013 (2012: €1.2 milliún), as seirbhísí i leith Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, a chuir ar chumas na cuideachta infheistiú a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá cuid custaiméirí.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Tá mionsonraí sa liosta thíos faoi cruinnithe boird nó coiste a tionóladh i rith 2013 agus ar fhreastail stiúrthóirí orthu.

| | Bord Bhus Éireann | Sábháilteacht | Cothabháil | Tráchtáil agus Nuálaíocht |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Paul Mallee | 9/10 | | | 9/11 |
| An tUasal Henry Minogue | 9/10 | | | 9/11 |
| An tUasal Aidan Murphy | 7/7 | | | 4/4 |
| An tUasal Tom Hussey | 10/10 | 5/5 | | |
| An tUasal Kieran Fay | 8/10 | 4/5 | 4/5 | |
| An tUasal John Moloney | 9/10 | 4/5 | 4/5 | |
| An tUasal Bill McCamley | 9/10 | | | |
| Susan Donohoe Uasal | 2/2 | | | |
| An tUasal Micheál Ó Faoláin | 9/10 | | 4/5 | |
| An tUasal Gerard Ryan | 9/10 | | | 9/11 |

## An Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta

Ba iad na stiúrthóirí neamh-feidhmiúcháin seo a leanas as bhí ar an nGrúpa Athbhreithnithe Iniúchta ar 31 Nollaig, 2013:

An tUasal Minogue;

An tUasal Ryan; agus

An tUasal Murphy.

Is iad príomhdhualgais an ghrúpa seo ná maoirseacht a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapachán an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú. Pléann an grúpa nádúr agus scóip torthaí an iniúchta leis an iniúchóir seachtrach. Déanann an Grúpa monatóireacht freisin ar shláine na ráiteas airgeadais a ullmhaíonn an cuideachta.

Déanann an Grúpa athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus córas bainistíochta riosca na cuideachta trí nuashonruithe dhíreacha, rialta ó Rannóg Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa agus ón mbainistíocht shinsearach.

D’fhaomh an Bord Téarmaí Tagartha an Ghrúpa, déantar athbhreithniú orthu gach bliain agus leasaítear iad mar is cuí. Tháinig an Grúpa le chéile deich n-uaire in 2013 (cúig huaire in 2012). Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers, i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 i gcomhair tréimhse trí bliana. Ní raibh aon oibleagáidí conarthacha ann a chuir srian ar an nGrúpa an moladh seo a dhéanamh.

Níor chuir na hiniúchóirí aon seirbhísí ábhartha ar fáil i rith na bliana faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin ní mheasann an Grúpa, tar éis dóibh an caidreamh go léir idir an chuideachta agus an gnólacht seachtrach iniúchóireachta a scrúdú, go gcuireann an caidreamh sin bac ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

## Coiste Tráchtála agus Nuálaíochta an Bhoird

Bunaíodh Coiste nua de chuid an bhoird go déanach in 2012 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na cuideachta ó thaobh deiseanna tráchtála agus nuálaíochta. Is iad téarmaí tagartha an Choiste ná aghaidh a thabhairt ar cheithre réimse ar leith, eadhon, forbairt fiontair, nuálaíocht teicneolaíochta, margaíocht agus taighde agus beartas agus pleanáil. Tháinig an Coiste le chéile aon uair déag i rith 2013. Tá sé comhdhéanta de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin seo a leanas an tUasal Minogue, an tUasal Mallee agus an tUasal Murphy agus is é an tUasal Ryan an cathaoirleach.

## Rannpháirtíocht Fostaithe

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana 2013 le cruinnithe na gcomhairlí áitiúla.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do dhea-bhail a chuid fostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus tríd an reachtaíocht fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Bunaíodh Coiste Sábháilteachta Bhord Bhus Éireann ar leibhéal níos ísle ná leibhéal an bhoird in 2004, agus tháinig siad le chéile cúig huaire i rith na bliana. Déanann an Coiste monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i bhfianaise phlean bhliantúil sábháilteachta agus spreagann sé an rannpháirtíocht is leithne sa chuideachta maidir le feasacht sábháilteachta agus cosc timpistí.

## Rialacháin an CE (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013 Leasú

Aithníonn na stiúrthóirí a bhfreagracht as comhlíonadh, i ngach gné ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013 Leasú. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad a aithint ar a mbíonn sonraisc dlite lena n-íoc agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamh-chomhlíonadh na rialachán.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Lean Bus Éireann ar aghaidh in 2013 ag déanamh monatóireachta ar líon a chuid fostaithe atá faoi mhíchumas. Tá méadú beag ach méadú seasta le sonrú ar líon na bhfostaithe atá faoi mhíchumas ó chuir Bus Éireann tús leis an bpróiseas monatóireachta seo. Is ceanglas é seo faoin Acht um Míchumas 2005.

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag tacú le daoine faoi mhíchumas intleachta agus tá sé ina chomhpháirtí gnó i gcónaí de chuid na hInstitiúide Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil ("NIID") i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Institiúid chuimsitheach í sin a dhíríonn ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine atá faoi mhíchumas intleachta. Is féidir le mic léinn atá faoi mhíchumas intleachta páirt a ghlacadh i gclár ceadaithe, lánaimseartha dhá bhliain san Institiúid. Thacaigh Bus Éireann le beirt mhac léinn trí shocrúcháin oibre a bhí scaipthe thar thréimhse sé seachtaine a sholáthar dóibh.

Chláraigh Bus Éireann le Cairt na hÉireann um an Éagsúlacht, agus sa chaoi sin d'aithin sé go poiblí go bhfuil sé tiomanta don éagsúlacht agus don chuimsitheacht. Is é cuspóir na Cairte ná an obair sin a thaispeáint atá ar siúl ag fostóirí ar mhaithe le héagsúlacht agus le dea-chleachtas. Cabhróidh sé freisin chun feasacht a spreagadh in Éirinn agus an Eoraip faoin meas atá ag fostóirí na tíre seo ar fhórsa éagsúil oibre. Sampla maith den meas sin ab ea an urraíocht a tugadh d'fhóram chun smaointe a chothú agus díospóireacht a spreagadh ar conas cur le rannpháirtíocht ban i bhfórsa oibre na tíre. Reáchtáladh an fóram i gcomhthráth le Lá Idirnáisiúnta na mBan i Márta 2013.

Bhí baint ag Bus Éireann i mí Bealtaine 2013 le Mí an Ribín Uaithne agus le "See Change". Comhpháirtíochta náisiúnta nua ina bhfuil níos mó ná 70 eagraíocht is ea See Change a bhíonn ag obair le chéile chun an stiogma agus an leithcheal a bhaineann le fadhbanna sláinte meabhrach a laghdú. Chaith an fhoireann ribín glas mar chomhartha go dtacaíonn siad le gluaiseacht chun dearcadh i leith fadhbanna sláinte meabhrach a athrú.

Choinnigh Bus Éireann ar aghaidh ag gníomhú i bpáirt leis an Údarás Comhionannais agus le cuideachtaí iompair eile i gclár chun seirbhísí iompair a thacaíonn le daoine breacaosta a chur chun cinn.

## Leabhair Chuntas

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun an oibleagáid a chomhlíonadh atá ar an gCuideachta leabhair chearta chuntais a choimeád ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag Bus Éireann, An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Turasóireachta agus Spóirt Iompair a cheapann stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 nó a ceapadh ina dhiaidh sin leagtha amach thíos. Ach amháin san má léirítear a mhalairt, is féidir glacadh leis go raibh siad ina stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir.

An tUasal Paul Mallee *(Cathaoirleach)*

An tUasal Henry Minogue

An tUasal John Moloney *(Athcheaptha ar an 1 Nollaig 2013)*

An tUasal Bill McCamley *(Athcheaptha ar an 1 Nollaig 2013)*

An tUasal Tom Hussey *(D'éirigh as ar an 2 Nollaig 2013)*

An tUasal Micheál Ó Faoláin *(D'éirigh as ar an 21 Feabhra 2014)*

An tUasal Kieran Fay

Susan Donohoe Uasal *(D'éirigh as an 14 Márta 2013)*

An tUasal Aidan Murphy *(Ceaptha ar an 16 Aibreán 2013)*

An tUasal Gerard Ryan

Ní raibh aon leas in aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, nó de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó dá comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

## An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na mbeartas agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit leagtha amach i gCuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon rud suntasach tar éis don Chlár Comhardaithe a bheith ullmhaithe a thabharfadh orainn na ráitis airgeadais a choigeartú nó nótaí a sholáthar ina dtaobh.

## Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnta ag an bord stiúrthóirí ann mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Is mar gheall air sin a leanann siad orthu ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais. Féach ar Nóta 1 de na cuntais freisin maidir le Gnóthas Leantach.

## Iniúchóirí

Thug na hIniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, le fios go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**P. Mallee**, *Cathaoirleach*
**H. Minogue**, *Stiúrthóir*

28 Márta 2014

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcomhlíonann siad Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013 de chuid na hÉireann.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí Bhus Éireann

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bhus Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn).

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí Faoi Seach

Mar a mhíníodh níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 35, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor, cothrom. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid, ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na cuideachta, agus cé acu ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh iad go himleor; a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon eolas ar cosúil é a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhunús na faisnéise a fuaireamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta, nó nach dtagann go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thugaimid aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaimid machnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid dár dtuarascáil féin.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is í ár dtuairim go bhfuil an méid seo a leanas fíor i leith na ráiteas airgeadais:

- tugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2013 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch amhlaidh: agus
- tá na ráitis airgeadais ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

## Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de bhun Achtanna na gCuideachtaí 1963-2013

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na Ráitis Airgeadais.
- Is fiú glansócmhainní na cuideachta, mar a leagtar amach iad sa chlár comhardaithe, níos mó ná leath de luach a scairchaipiteal glaoite, agus i mo thuairim, ar an mbunús sin ní raibh staid airgeadais ann ag 31 Nollaig 2013, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, go dtionólfaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

# Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de réir Eisceachta

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil le forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh na nochtuithe faoi luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe le dlí.

**Teresa Harrington**
*ar son agus thar ceann PricewaterhouseCoopers*
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil*
Baile Átha Cliath

3 Aibreán 2014

A. Is é an Bord atá freagrach ar as cothabháil agus sláine láithreán ghréasán Bhus Éireann; ní bhaineann an obair a dhéanann na hiniúchóirí le breithniú na nithe sin, agus dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a bhféadfadh a bheith tarlaithe do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair iad ar dtús ar an láithreán gréasáin.

B. D'fhéadfadh difir a bheith idir an reachtaíocht a rialaíonn ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais agus a thugann léargas fíor agus cothrom ná iad siúd atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar costas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, ach amháin busanna scoile, a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta ar bhonn céatadáin laghdaithigh a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar costas stairiúil na mbusanna scoile, a dhímheas i dtráthchodanna cothroma thar a saolréanna úsáideacha measta.

### (ii) Gléasra agus Innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, i dtráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna Oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spárála ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Deontas

### (i) Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a Fuarthas

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil a chur do shochar ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (F) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den barrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dáta an chláir comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Cuirtear an costas ionchasach maidir le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le comhairle ó achtúire neamhspleách, ar ráta a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhaid saoil seirbhíse measta atá fágtha ag baill na scéime.

Déantar foráil do costas caipitil na bpinsean forlíontach agus gearrtar é ar an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina aithnítear eadarscaradh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear é sa chostas tearfa.

## (H) Iarmhéideanna Idirchuideachta

Déantar Idirbhearta idir chuideachtaí an Ghrúpa a luacháil ar chostas stairiúil agus déantar iad a rangú bunaithe ar substaint an idirbhirt, mar seo a leanas:

### (i) Sócmhainn Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é seo agus comhiomlán:

a. Sreabhadh airgid ó oibriúcháin suas le dhá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.
b. Glan-infheistíocht i sócmhainní seasta ón dáta ionchorpraithe go dáta an chláir chomhardaithe.

### (ii) Cuntas Trádála Gearr-Théarmach

Is ionann é seo agus comhiomlán:

a. Glanbharrachas ginte / easnamh a tabhaíodh sa dá bhliain go dáta an chláir chomhardaithe.
b. Méadú/laghdú i gcaipiteal oibre sa dá bhliain go dáta an chláir chomhardaithe.

### (iii) Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é seo agus comhiomlán an insreafa agus eis-sreafa airgid ó:

a. Ghníomhaíochtaí maoinithe idirghrúpa.
b. seirbhísiú airgeadais

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam Oibriúcháin** | | 289,935 | 286,328 |
| Fáltais ó Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | *20* | 34,364 | 36,883 |
| **Ioncam Iomlán** | | **324,299** | **323,211** |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | (124,916) | (131,793) |
| Ábhair agus seirbhísí | *3(a)* | (192,441) | (191,644) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(317,357)** | **(323,437)** |
| **EBITDA** | | **6,942** | **(226)** |
| Dímheas agus amúchadh | *4* | (7,435) | (8,638) |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt | | 54 | (57) |
| Míreanna eisceachtúla | *3(b)* | – | 2,400 |
| **Easnamh roimh ús** | | **(439)** | **(6,521)** |
| Ús infhaighte ó mháthairchuideachta | | 836 | 294 |
| **Barrachas (easnamh) don bhliain tar éis míreanna eisceachtúla** | | **397** | **(6,227)** |
| **Easnamh carnach ag tús na bliana** | | **(12,431)** | **(6,204)** |
| **Easnamh carnach ag deireadh na bliana** | | **(12,034)** | **(12,431)** |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheantas seachas iad sin atá san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**P. Mallee**, *Cathaoirleach*
**H. Minogue**, *Stiúrthóir*

28 Márta 2014

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig 2013 | Notaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *5* | 84,761 | 101,430 |
| Sócmhainní airgeadais | *8(b)* | 107,609 | 115,889 |
| | | 192,370 | 217,319 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *6* | 3,362 | 4,008 |
| Féichiúnaithe | *7* | 12,538 | 12,214 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 1,147 | 1,062 |
| | | **17,047** | **17,284** |
| Creidiúnaithe (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | *8(a)* | **(84,375)** | **(95,648)** |
| **Glandliteanais reatha** | | (67,328) | (78,364) |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **125,042** | **138,955** |
| **Dliteanais fhadtéarmacha** | | | |
| Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear | *9* | (38,496) | (43,204) |
| Méideanna dlite don mháthairchuideachta | *8(b)* | (27,261) | (28,097) |
| Ioncam Iarchurtha | *10(a)* | (42,115) | (50,881) |
| | | **17,170** | **16,773** |
| **Arna maoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *11* | 29,204 | 29,204 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | (12,034) | (12,431) |
| **Cistí na Scairshealbhóirí** | *12* | **17,170** | **16,773** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 43 go dtí 56.

Thar ceann an bhoird

**P. Mallee**, *Cathaoirleach*
**H. Minogue**, *Stiúrthóir*

28 Márta 2014

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| **(Glan-eis-sreabhadh) /glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *13(a)* | **(7,532)** | **19,494** |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh ar Airgeadas** | | | |
| Ús infhaighte ag máthairchuideachta | | 836 | 294 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Thoradh ar Infheistíocht agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | **836** | **294** |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | *5* | (3,378) | (2,419) |
| Fáltais an díolacháin ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 100 | 12 |
| **Glansreabhadh Airgid ó chaiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | **(3,278)** | **(2,407)** |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Deontais chaipitil faighte | *10(a)* | 1,779 | 1,197 |
| Gluaiseacht i sócmhainní airgeadais | *8(b)* | 8,280 | (18,532) |
| | | **10,059** | **(17,335)** |
| **Glanghluaiseacht ar airgead tirim** | *13(b)* | **85** | **46** |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite ag an gCuideachta Shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghineadh agus nach bhfuil ag teastáil láithreach le haghaidh oibríochtaí, agus atá curtha ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus atá inaisíoctha mar is gá.

## Réiteach an Ghlan-Sreafa Airgid le Gluaiseachtaí i nGlanchistí

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Méadú ar airgead tirim sa bhliain | 85 | 46 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 1,062 | 1,016 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **1,147** | **1,062** |

## 1 Gnóthas Leantach

Tá cóip den nochtadh ó thaobh Gnóthais Leantaigh atá san áireamh i Nóta 1 de ráitis airgeadais CIÉ san áireamh anseo thíos:

### “Cúlra”

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa faoi athmhaoiniú agus faoi mhéadú na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa. Socraíodh go mbeidh €160m ar fail mar shaoráidí tiomanta go Iúil 2018.

Tá roinnt cúnaint airgeadais ag baint leis na háiseanna nua agus chomhlíon Grúpa CIÉ iad go léir in 2013. Is léir ón mbuiséad don bhliain 2014 agus ón bplean gnó le haghaidh 2015 go bhfuil an lucht bainistíochta ag súil go n-éireoidh le Grúpa CIÉ spriocanna na gcúnant atá sna comhaontuithe faoi áiseanna a bhaint amach.

Cé go mba bhliain dhúshlánach í 2013 do Ghrúpa CIÉ, d’éirigh le Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ agus le gach ceann de na Cuideachtaí Oibríocha na spriocanna buiséid a bhaint amach a bhí leagtha síos ina mbuiséad le haghaidh 2013 agus san áireamh i bplean gnó cúig bliana an Ghrúpa a cuireadh ar fáil do na bainc le linn an phróisis caibidlíochta i dtaca leis na saoráidí baincéireachta nua.

### Na hÉiginnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa

Cé go bhfuil gach dóchas ag an lucht bainistíochta go mbainfear amach spriocanna foriomlána cúnaint in 2014 agus in 2015, tá roinnt spriocanna dúshlánacha agus toimhdí dúshlánacha i mbuiséad na bliana 2014 agus sa phlean cúig bliana agus beidh ar an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh orthu. Glactar leis sa phlean go dtabhóidh an Grúpa easnaimh eile in 2014 agus arís in 2015 ach go mbeidh siad brabúsach in 2016 agus ina dhiaidh sin. Tá roinnt rudaí neamhchinnte san áireamh i mbuiséad na bliana 2014 agus sa phlean cúig bliana, lena n-áirítear go háirithe:

1. **Ioncam** – Tá baint amach na spriocanna maidir le fás ioncaim atá leagtha síos i bplean gnó cúig bliana an Ghrúpa bunaithe ar theaglaim de bhoinn tuisceana a bhaineann le méaduithe i dtáillí ainmniúla agus ar mhéadú a thiocfaidh ar líon na n-aistear a dhéanfaidh paisinéirí. Beidh cumas an Ghrúpa na méaduithe táillí a fháil a éilítear sa phlean ag braith go príomha ar cinntí a dhéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi tháillí agus braithfidh méaduithe ar líon na n-aistear a dhéanfaidh paisinéirí ar théarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe.
2. **Costais** – Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear i gcíoch na bearta um shrianadh costas, go háirithe coigiltis phárolla, faoi mar atá leagtha amach i bplean gnó an Ghrúpa. Is de nádúr na dtoimhdí a úsáideadh in ullmhú an phlean gnó go bhfuil siad suibiachtúil agus tá sé riachtanach go ndéanfar monatóireacht dhian ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, sa chaoi gur féidir bearta maolaithe, a bhfuil cuid acu aitheanta cheana féin ag an mbainistíocht, a chur i bhfeidhm más gá.
3. **Infheistíocht Caipitil** – Ionchorpraíonn plean gnó an Ghrúpa boinn tuisceana a bhaineann le leibhéil infheistíochta caipitil atá riachtanach chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn faoina Conradh Ilbhliantúil agus faoi Chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. Braitheann cumas an Ghrúpa chun an infheistíocht chaipitil atá riachtanach a mhaoiniú ar thacaíocht maoinithe a fháil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhair caiteachais caipitil. Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghrúpa ar leibhéal oiriúnach maoinithe a bheith ar fáil ón rialtais. Mura gcuirfear leibhéal oiriúnach infheistíochta caipitil ar fáil beidh tionchar aige ar fheidhmíocht oibriúcháin an Ghrúpa, beidh impleachtaí sábháilteachta i gceist agus beidh tionchar aige ar chumas an Ghrúpa freastal a dhéanamh ar a gcúnaint bhaincéireachta agus beidh tionchar aige ar acmhainn fáis an ghrúpa sa bhfadtéarma.

## 1 Gnóthas Leantach ar lean

Tá buiséad Iarnróid Éireann don bhliain 2014 agus a phlean cúig bliana an-íogair ó thaobh na n-éiginnteachtaí thuas. Más rud é nach féidir bearta malartacha a chur i bhfeidhm chun cur i gcoinne thionchar na n-íogaireachtaí a aithníodh in Iarnród Éireann, tá an baol ann nach mbeidh Iarnród Éireann bhrabúsach i rith saolré an phlean gnó reatha cúig bliana. Beidh ganntanas caipitil oibre ann agus bheidh sé riachtanach monatóireacht leanúnach agus bearta maolaithe a dhéanamh lena chinntiú nach sárófar spriocanna foriomlána cúnaint EBITDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) agus go mbeidh sreabhadh airgid ar fáil chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite.

### Bearta an Lucht Bainistíochta

Tá an Lucht Bainistíochta tar éis roinnt bearta a dhéanamh agus tá siad ag leanúint ar aghaidh leo, lena n-áirítear:

- Monatóireachta dhian agus bainistiú laethúil, seachtainiúil agus míosúil a dhéanamh ar an staid airgid ar fud an ghrúpa
- Plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt faoi struchtúr oiriúnach maoinithe/Glanthionchar airgeadais i gcás gach fochuideachta de chuid an Ghrúpa
- Tionscnaimh sábhála costais a chur i bhfeidhm agus monatóireacht ghéar a dhéanamh orthu
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint

### Litir Tacaíochta

Léirigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a tacaíocht leanúnach i litir faoina tiomantas ina dúradh.

"Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i mbun idirphlé leis an gcuideachta faoi na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Cé gur tugadh le fios sa litir nach féidir forléiriú a dhéanamh ar aon ní sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí ná ar dhliteanais CIÉ, dúradh chomh maith inti: "Is é beartas an Rialtais fós gurb é gnó CIÉ i gcónaí a bheith in ann na dliteanais atá air a chomhlíonadh. Is é an Stát scairshealbhóir aonair CIÉ agus is féidir le CIÉ a dheimhniú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a chearta scairshealbhóra d'fhonn a chinntiú go bhainistíonn CIÉ a chuid oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a oibleagáidí go léir a chomhlíonadh go tráthúil. Níor mhór i gcás aon bheart a bheadh á bhreithniú ag an Stát é a bheith i gcomhréir le dlí an AE, lena n-áirítear rialacha maidir le Cúnamh Stáit agus d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach iad a fhógairt don Coimisiúin agus faomhadh a fháil".

### Conclúid

Tar éis dóibh fiosrúcháin chuí a dhéanamh, agus ag cur na neamhchinnteachtaí san áireamh a bhfuil cur síos orthu thuas, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an bhoird go gcuirfidh Grúpa CIÉ a mbuiséad agus a bplean cúig bliana i bhfeidhm agus go mbainfidh siad amach spriocanna gaolmhara na cúnant, agus gur leor na shaoráidí baincéireachta atá acu le maoiniú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an ghrúpa maidir le sreabhadh airgid. Tá ionchas réasúnta acu chomh maith go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ar na cúiseanna sin, is í conclúid chomhaltaí an bhoird nach neamhchinnteacht ábhartha iad na rioscaí a bhfuil cur síos orthu thuas a chruthaíonn amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus ar an mbonn sin leanfaidh siad ar aghaidh ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais."

## 2 Párolla agus costais ghaolmhara

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Costais Foirne** | | |
| Pá agus tuarastail | 106,879 | 112,135 |
| Costais leasa sóisialaigh | 9,697 | 10,052 |
| Costais phinsin eile | 8,236 | 9,501 |
| | **124,812** | **131,688** |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí an ghrúpa | (38) | (49) |
| **Glanchostais Foirne** | **124,774** | **131,639** |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| - i leith seirbhísí mar stiúrthóirí | 84 | 95 |
| - i leith sheirbhísí eile | 58 | 59 |
| Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na stiúrthóirí | 142 | 154 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **124,916** | **131,793** |

| Ba é seo meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana | Líon na mBall Foirne | |
|---|---|---|
| | 2013 | 2012 |
| Lánaimseartha | 2,044 | 2,077 |
| Tiománaithe páirtaimseartha busanna scoile | 442 | 474 |
| **Iomlán** | **2,486** | **2,551** |

## 2 Párolla agus Costais Ghaolmhara ar lean

### Luach Saothair an POF

San áireamh sna costais phá agus tuarastal bhí tuarastal an Príomhfheidhmeannaigh, an tUasal Martin Nolan, i gcomhair seirbhísí feidhmeannaigh. Bhí siad sin i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Príomhfheidhmeannaigh.

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 187 | 190 |
| Riaráistí tuarastail ó bhlianta roimhe sin | – | 12 |
| Liúntas Inchánach agus BIK | 15 | 13 |
| Liúntas Inchánach agus BIK ó bhlianta roimhe | 3 | – |
| ÁSPC Fostóra | 22 | 23 |
| Pinsin Fostóra | 45 | 40 |

**Íocadh táillí stiúrthóirí le stiúrthóirí na cuideachta mar seo a leanas ó thaobh seirbhísí a thugadar mar stiúrthóirí:**

An tUasal P. Mallee €19,080; An tUasal H. Minogue €11,130; An tUasal K. Fay €11,130;
S. Donohoe Uasal €2,555; An tUasal T. Hussey €10,344; An tUasal M. Ó Faoláin €11,130;
An tUasal G. Ryan €11,130; agus an tUasal A. Murphy €7,420

Ní bhfuair an tUasal B. McCamley ná an tUasal J. Moloney aon táillí stiúrthóirí ar bith as a seirbhísí mar stiúrthóirí.

D'aontaigh na stiúrthóirí go nglacfadh siad go deonach le laghdú 20% in aghaidh na bliana ar a dtáillí mar stiúrthóirí ón 1 Meitheamh 2013 ar aghaidh.

## 3(a) Ábhair agus seirbhísí

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealaí | 35,983 | 35,903 |
| Conraitheoirí eile | 120,528 | 117,394 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 548 | 569 |
| Cíosanna ó léas oibriúcháin feithiclí | 518 | 512 |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | – | – |
| Rátaí | 934 | 919 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 33,930 | 36,347 |
| | **192,441** | **191,644** |

## 3(b) Míreanna eisceachtúla

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Scaoileadh an soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear | – | 2,400 |

Toisc gur scaoileadh an soláthar i gcomhair dhliteanas agus muirear cuireadh creidmheas €2.4m chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 9).

## 4 Dímheas agus Amúchadh

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 5) | 20,001 | 22,712 |
| Amúchadh deontais (nóta 10) | (12,566) | (14,074) |
| | **7,435** | **8,638** |

## 5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail 1 Eanáir, 2013 | 280,547 | 24,107 | 304,654 |
| Breiseanna | – | 3,378 | 3,378 |
| Diúscairtí | (7,524) | (5) | (7,529) |
| **Amhail 31 Nollaig, 2013** | **273,023** | **27,480** | **300,503** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail 1 Eanáir, 2013 | 187,620 | 15,604 | 203,224 |
| Muirear don bhliain | 18,194 | 1,807 | 20,001 |
| Diúscairtí | (7,477) | (6) | (7,483) |
| **Amhail 31 Nollaig, 2013** | **198,337** | **17,405** | **215,742** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | |
| **Amhail 31 Nollaig, 2013** | **74,686** | **10,075** | **84,761** |
| Amhail 31 Nollaig, 2012 | 92,927 | 8,503 | 101,430 |

## 5 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

(a) Is iad seo a leanas saolréanna fónta measta na gcineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | **Saol (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8-14 |
| Gléasra agus innealra | 5-10 |

(b) Bhí feithiclí paisinéirí bóthair ar costas €41,926,719 (2012: €38,444,403) dhímheasta go hiomlán ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear ar shócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig, 2013 €647,345 (2012: €915,366) i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil á n-úsáid fós.

(d) Ní leis an gcomhlacht féin ar an maoin atá in úsáid; coinnítear í sin i ráitis airgeadais na Cuideachta Shealbhaíochta, CIÉ.

## 6 Stoic

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | 2,227 | 2,754 |
| Breoslaí, bealaí agus stoic éagsúla | 1,135 | 1,254 |
| | **3,362** | **4,008** |

Áirítear leo sin páirteanna agus comhpháirteanna ar gá iad a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtréimhseacha. Níl aon difríocht ábhartha idir luach athsholáthair na stoc agus a luach de réir na leabhar.

## 7 Féichiúnaithe

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 3,125 | 3,097 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 7,781 | 8,522 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 1,632 | 595 |
| | **12,538** | **12,214** |

## 8(a) Creidiúnaithe

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | 13,836 | 13,286 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT agus MSU | 1,888 | 1,768 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,285 | 1,061 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | 217 | 121 |
| Creidiúnaithe eile | 1,102 | 1,182 |
| Fabhruithe agus soláthar eile | 27,004 | 31,599 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra (nóta 9) | 10,000 | 9,000 |
| Ioncam Iarchurtha (nóta 10) | 10,661 | 12,682 |
| Méideanna dlite don mháthair-chuideachta (nóta 8b) | 18,382 | 24,949 |
| | **84,375** | **95,648** |
| Tá creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **3,390** | **2,950** |

## 8(b) Idirchuideachta Gearr-Théarmach agus Fad-Théarmach

Rinne an lucht bainistíochta athbhreithniú i rith na bliana ar chomhpháirteanna an iarmhéid idir-chuideachta atá dlite do Ghrúpa CIÉ nó dlite uathu, agus tá roinnt athaicmithe déanta acu chun léargas níos cothroime a thabhairt ar phróifíl aisíoca nó nádúr buanmhaoinithe na sócmhainní agus na ndliteanas ábhartha idir-chuideachta. Tá iarmhéideanna comparáideacha athluaite freisin. Tá beartas nua cuntasaíochta maidir le hiarmhéideanna idirchuideachta san áireamh ar leathanach 39 de na ráitis airgeadais.

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní airgeadais fadtéarmacha** | | |
| **Méideanna dlite ó Chuideachta Shealbhaíochta** | | |
| Iarmhéid tosaigh ar 1 Eanáir | 115,889 | 97,357 |
| (Laghdú)/méadú sa bhliain airgeadais | (8,280) | 18,532 |
| Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig | 107,609 | 115,889 |
| **Cuntas trádála gearrthéarma** | | |
| Suimeanna dlite do Cuideachta Shealbhaíochta (nóta 8 (a)) | (18,382) | (24,949) |
| **Dliteanas airgeadais fadtéarmach** | | |
| Suimeanna dlite do Chuideachta Shealbhaíochta | (27,261) | (28,097) |
| **Glan-iarmhéid idirchuideachta infhaighte** | **61,966** | **62,843** |

# 9 Soláthairtí le haghaidh Dliteanas agus Muirear

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh Dliteanais tríú páirtí agus Fostóirí** | | |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir, 2013 | 52,204 | 57,829 |
| Úsáidte i rith na bliana | (3,708) | (3,225) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 3b) | – | (2,400) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig, 2013** | **48,496** | **52,204** |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanais reatha (nóta 8) | 10,000 | 9,000 |
| Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliana | 38,496 | 43,204 |
| | **48,496** | **52,204** |

## Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a ghearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe fós san áireamh i soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear.

### (a) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 le haghaidh busanna scoile agus €2,000,000 i gcás iompar bóthair eile i leith aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe nuair is $SAM 3,300,000 an barrachas.

(ii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €250,000 i gcás aon tharlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

(a) Damáiste tuilte nuair is €2,000,000 an barrachas

(b) aon éilimh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair is $SAM 150,000 an barrachas.

(iii) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2013 go Márta 2014, faoi réir méid iomlán féin-árachaithe an Ghrúpa €27,000,000 i méid comhiomlán na bliana agus ina dhiaidh sin go mbeidh aon choinneáil féin-árachaithe sa tréimhse sin cothrom le €50,000.

(iv) Cé nach n-áirítear dliteanas i leith Sceimhlitheoireachta in Árachas Comhcheangailte Dliteanais an Ghrúpa, is é agus €200,000,000 an tslánaíocht fhoriomlán don tréimhse dhá mhí dhéag, ó Aibreán 2013 go Márta 2014, i leith Dliteanas Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile iompair iarnróid agus bóthair.

(v) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, agus slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 i gcás aon chaillteanais amháin nó sraith caillteanas, ach gan an barrachas bliantúil a bheith os cionn €5,000,000 san iomlán agus ina dhiaidh sin go mbeidh aon bharrachas féin-árachaithe sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000.

(vi) Is é €200,000,000 clúdach slánaíochta an Ghrúpa i leith sceimhlitheoireachta mar aon le barrachas €10,000,000 i leith gach caillteanais ach amháin i gcás rothstoc iarnróid agus bóthair agus iad faoi bhealach nuair atá an barrachas os cionn €500,000 agus gach uile chaillteanas in Éirinn agus Tuaisceart Éireann agus €250,000 i gcás gach uile chaillteanas sa Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann a bheith san áireamh).

## 9 Soláthairtí le haghaidh Dliteanas agus Muirear ar lean

### (b) Soláthar le haghaidh Éileamh Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana le haghaidh chostas measta na n-éileamh a bheidh tabhaithe ach nach mbeidh socruithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a tabhaíodh ach nár tuairiscíodh fós (IBNR) don chuideachta.

Áirítear ar chostas measta na speansais a bhaineann le héilimh a thabhófar i socrú éileamh. Glacann an chuideachta gach beart réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici faoi na héilimh dá bhfuil sí nochta. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht a bhaineann le fáil amach cad é an soláthar maidir le héileamh, is dócha go mbeidh difríocht idir an toradh deiridh agus an dliteanas bunaidh a leagadh síos.

Nuair a bhíonn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh aici, úsáideann an cuideachta teicnící meastacháin éagsúla, a bhíonn bunaithe de ghnáth ar anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, trína nglactar leis go mbeidh patrún na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am atá thart. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a bhféadfadh saobhadh a dhéanamh ar na staitisticí bunúsacha nó a bhféadfadh a chur faoi deara go méadódh nó go laghdódh costas na n-éileamh nár socraíodh fós i gcomparáid le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe i bpróisis na cuideachta a d'fhéadfadh moill nó dlús a chur faoin bhforbairt agus/nó taifeadadh na n-éileamh íoctha nó tabhaithe, athruithe i gcúrsaí dlí nó dlíthíochta, éifeacht bhoilscithe, athruithe sa mheascán gnó agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Nuair a bhíonn costas na n-éileamh fógartha ach nár íocadh fós á meas ag an gcuideachta, tugtar aird ar na tosca a bhaineann le héilimh faoi mar a thuairiscítear iad, ar aon fhaisnéis atá ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis faoin gcostas a bhain le héilimh cosúil leo a réiteach. Bíonn i bhfad níos mó neamhchinnteachta ag baint le meastachán a dhéanamh ar na héilimh a dhéanfar ar Líonra Bus agus Iarnród na hÉireann (IBNR) ná a bhaineann le meastachán a dhéanamh ar an gcostas a bhainfidh le héilimh atá curtha in iúl cheana féin don chuideachta, toisc an easpa faisnéise atá faoi na hócáidí lena mbaineann na héilimh.

Maidir leis na cineálacha éileamh a bhfuil críoch tuairiscithe níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion níos mó de chúlchiste iomlán IBNR ag baint leo ar an ábhar sin, is hiondúil go mbíonn éagsúlachtaí níos mó le sonrú idir na meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh toisc go bhfuil sé níos deacra na cúlchistí sin a mheas.

Déantar na soláthair le haghaidh éileamh a ríomh glan ar aon ghnóthachain athárachais nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbeidh gnóthachain athárachaithe maidir le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún a bhí ann roimhe sin i gcás ghnóthachan den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus i méid chlár athárachais na cuideachta le himeacht aimsire a chur san áireamh.

Déantar measúnacht freisin ar aisghabháil ghnóthachan athárachais agus aird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le athárachóirí atá tar éis éirí as glacadh le custaiméirí nua.

## 10 Ioncam Iarchurtha

Sa chuntas seo tá deontais ón AE agus ón Státchiste nach n-aisíocfar agus a chuirfear do shochar an chuntais bhrabúis agus chaillteanais ar an mbonn céanna is a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (beartas cuntasaíochta E).

### (A) Deontais Chaipitil

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | 63,563 | 76,440 |
| Faighte agus infhaighte | 1,779 | 1,197 |
| Muirear amúchta (nóta 4) | (12,566) | (14,074) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | 52,776 | 63,563 |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha (nóta 8) | (10,661) | (12,682) |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | **42,115** | **50,881** |

## Nochtadh i gcomhréir le Ciorclán Uimhir 17/2010 na Roinne Airgeadais

### (B) Deontais Chaipitils

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Gléasra (Nóta 10a) | 1,779 | 1,197 |
| Maoin | 398 | 1,260 |
| Sócmhainn bhreise na bliana roimhe ar íocadh aisti | 96 | – |
| Sócmhainn bhreise na bliana roimhe atá gan íoc | – | (96) |
| Fo-iomlán | 2,273 | 2,361 |
| Lúide aistriú chuig leabhair CIÉ | (398) | (1,260) |
| **Iomlán** | **1,875** | **1,101** |

### (C) Deontas Ioncaim

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Cothabháil agus eile | 1,544 | 1,271 |

Déantar méid agus téarma na nDeontas Caipitil a amúchadh thar saolta úsáideacha na sócmhainní. Tugtar Deontais Ioncaim go hiomlán chuig Brabúis agus Caillteanais sa bhliain ábhartha ina bhfaightear iad. Is iad an tÚdarás Náisiúnta Iompair an Clár Maoinithe Caipitil 2013 an ghníomhaireacht agus clár ábhartha agus is í an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an roinn rialtais a dhéanann an t urraíocht. Bíonn deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí.

## 11 Scairchaipiteal

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | 40,632 | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | 29,204 | 29,204 |

## 12 Réiteach na Gluaiseachta i gCistí na Scairshealbhóirí

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh ) don bhliain | 397 | (6,227) |
| Cistí tosaigh gnáthscaireanna scairshealbhóirí | 16,773 | 23,000 |
| **Cistí deiridh gnáthscaireanna scairshealbhóirí** | **17,170** | **16,773** |

## 13 Ráiteas Sreabhaidh Airgid

### (a) Réiteach easnaimh oibriúcháin le Glanairgead (Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | (34,803) | (45,804) |
| Íocaíocht PSO | 34,364 | 36,883 |
| | **(439)** | **(8,921)** |
| Dímheas | 20,001 | 22,712 |
| (Brabús)/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | (54) | 57 |
| Deontais chaipitil amúchta | (12,566) | (14,074) |
| Míreanna eisceachtúla | – | 2,400 |
| Laghdú/(méadú) ar stoic | 646 | 720 |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | (324) | 1,030 |
| (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe | (13,960) | 15,864 |
| Ús faighte | (836) | (294) |
| **(Glan-eis-sreabhadh) /glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(7,532)** | **19,494** |

## 13 Ráiteas Sreabhaidh Airgid ar lean

### (b) Anailís ar Athrú i nGlanchistí

| | 1 Eanáir 2013 €000 | Airgead tirim Sreabhadh €000 | 31 Nollaig 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 1,062 | 85 | 1,147 |
| | **1,062** | **85** | **1,147** |

## 14 Oibleagáidí Léasa Oibriúcháin

| Tiomantais iomlána faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal is atá iníoctha mar a leanas: | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | 357 | 416 |
| Laistigh de bhliain agus cúig bliana | 137 | 493 |
| | **494** | **909** |

## 15 Pinsin

Tá fostaithe Bhus Éireann ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Tá dhá scéim pinsin le sochar sainithe á bhfeidhmiú ag Grúpa Chóras Iompair Éireann a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe agus tá gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí an ghrúpa agus na mball.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar an chomhalta aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin de chuid Ghrúpa Chóras Iompair Éireann a aithint ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach mar fiú dá mbeadh sé indéanta baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh na baill a bheith ag obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé lena mbaineann an dliteanas (agus an tsócmhainn chomhfhreagrach) maidir le tréimhsí leanúnacha fostaíochta.

Tugadh cuntas ar ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo amhail is dá mba scéim ranníocaíochta sainithe a bhí ann arna cheadú ag FRS 17 'Sochair Scoir' ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh maidir le soláthar FRS 17 go raibh easnamh €417.75 milliún sna scéimeanna ar 31 Nollaig, 2013.

Ba é costas pinsin na cuideachta don bhliain ar scéimeanna le sochar sainithe ná €8.2 milliún (2012: €9.5 milliún) agus tá na costais san áireamh i nóta 2.

## 16 Ceangaltais Chaipitiúla

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| A bhfuil conradh déanta faoi/fúthu | 3,669 | 3,134 |
| A bhfuil údaraithe ag na Stiúrthóirí ach nach bhfuil conradh déanta fós | 681 | – |
| | **4,350** | **3,134** |
| Atá maoinithe | **493** | **284** |

## 17 Dliteanais Theagmhasacha

Bíonn an chuideachta, ó am go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le cúrsaí tráchtála a bhíonn á láimhseáil agus á gcosaint i ngnáthchúrsa an ghnó. Déantar athbhreithniú go rialta le abhcóide grúpa CIÉ ar stádas imeachtaí atá ar feitheamh nó atá á mbagairt. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a eascraíodh ó na nithe sin níos mó i ndáiríre ná na soláthairtí atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 18 Glanbharrachas / (Easnamh) de réir Gníomhaíochta

| | | Seirbhísí Poiblí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Iompar Tráchtála agus scoileanna transport €000 | Iompar Céime €000 | Cathair €000 | Fo Iomlán €000 | Iomlán €000 |
| **2013** | | | | | |
| Ioncam | 218,587 | 45,182 | 26166 | 71,348 | 289,935 |
| Costais | (216,525) | (72,000) | (35,377) | (107,377) | (323,902) |
| **Toradh roimh íocaíocht PSOí** | **2,062** | **(26,818)** | **(9,211)** | **(36,029)** | **(33,967)** |
| Íocaíocht PSO | – | | | 34,364 | 34,364 |
| **Toradh i ndiaidh PSO** | **2,062** | | | **(1,665)** | **397** |
| **2012** | | | | | |
| Toradh i ndiaidh PSO | (3,580) | | | (2,647) | (6,227) |

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompair scoileanna agus seirbhíse poiblí Is é Expressway an phríomhghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála.

Deirtear go n-oibrítear an Scéim Iompair Scoile faoi "conradh", ach bhfeadh sé níos cirte a rá gur socrú riaracháin is ea í leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 18 Glanbharrachas/(Easnamh) de réir Gníomhaíochta ar lean

Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach agus faigheann an chuideachta íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i leith na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin.

Déantar na costais a bhaineann le Expressway, Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn méadrach atá díorthaithe ó shonraí na tréimhse roimhe sin, ó staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, agus ó líon na mbusanna agus na gciliméadar. Ba é €36.03m costas oibríochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus ba é €34.36m an cúiteamh a fuarthas.

## 19 Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitis atá á rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua an chaoi a rialaíonn Rialtas na hÉireann an chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann. Rinne Bus Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair conradh dámhachtana dírí faoi fhorálacha an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 chun seirbhísí sonraithe oibleagáid na seirbhíse poiblí a chur ar fáil.

Ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí sa ghnáthchúrsa gnó ó aonáin atá á rialú ag Rialtas na hÉireann agus is iad An Post, Bord Gáis agus Banc na hÉireann na príomhchinn acu sin. Creideann na stiúrthóirí nach bhfuil méid na gceannachán sin ábhartha i gcomhthéacs gnó na cuideachta. Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (nochtadh maidir le páirtí gaolmhar) faoi idirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 20 Conradh i leith Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Ba é €34.4m Oibleagáid Seirbhíse Poiblí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 (2012: €36.9m) a bhí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

## 21 Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) is ea Bus Éireann - Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais na torthaí atá ag ballraíocht sa Ghrúpa.

## 22 Suimeanna Comparáideacha

Rinneadh roinnt méideanna comparáideacha ó na bliana roimhe a athrangú ar bhonn atá comhsheasmhach leis an mbliain reatha.

## 23 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 28 Márta 2014.

*I gcroílár an phobail*
*le 26 bliana*

**www.buseireann.ie**

Bus Éireann